



# An Scéim Camchuarite Saothair

## Treoirlínte d'Iarratasóirí 2025

I gcomhair camchuariteanna a thosóidh idir mí Eanáir agus mí na Nollag 2025

**Spríodhata: 5.30i.n. (am na hÉireann), Déardaoin, an 9 Bealtaine 2024**

**Tabhair faoi deara: daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil riachtanais maidir le bealach isteach acu**

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil riachtanais maidir le bealach isteach acu ar mian leo iarratas a chur isteach nó a bhfuil deacrachtaí acu teacht ar Sheirbhísí ar Líne. Má tá riachtanas speisialta agat sa réimse sin, déan teagmháil le hOifigeach Rochtana na Comhairle Ealaíon, ar an nguthán (01 618 0200/01 618 0243) nó trí ríomhphost ([access@artscouncil.ie](mailto:access@artscouncil.ie)) chomh luath agus is féidir roimh an spríodhata.

## CLÁR

<b>Cabhair a fháil maidir le d'iarratas</b>	<b>3</b>
<b>Príomhphointí</b>	<b>4</b>
<b>1. Maidir leis an Scéim Camchuarite Saothair</b>	<b>6</b>
1.1 An spriocdháta chun iarratais a chur isteach	6
1.2 Cad iad cuspóirí agus tosaíochtaí na scéime?	6
1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?	7
1.4 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?	8
1.5 Cad air ar féidir leat iarratas a dhéanamh?	8
1.6 Cad air nach féidir leat iarratas a dhéanamh?	9
1.7 Cá mhéad maoinithe ar cheart duit iarratas a dhéanamh air?	10
1.8 Cén t-ábhar tacaíochta NACH MÓR duit a chur isteach le d'iarratas?	13
1.9 Incháilitheacht	16
<b>2. An dóigh le d'iarratas a dhéanamh</b>	<b>18</b>
2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon	18
2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais	19
2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas	20
2.4 Iarratas a dhéanamh ar líne	22
<b>3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas</b>	<b>24</b>
3.1 Forbhreathnú	24
3.2 An próiseas measúnaithe	24
3.3 Critéir – gach foirm ealaíne agus gach cleachtas ealaíon	25
3.4 Próiseas cómhéasúnaithe agus gearrliostaithe	27
3.5 Próiseas scórála inmheánach	27
3.6 Painéil phiaraí	29
3.7 Toradh na n-iarratas	30
<b>Aguisín 1</b>	<b>31</b>
Tosaíochtaí foirmeacha ealaíne aonair agus cleachtais ealaíon	31

## Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

---

Má tá ceisteanna agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, tabhair cuairt ar rannán na gCeisteanna Coitianta ar ár suíomh gréasáin: <http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/>

Má tá ceist theicniúil agat faoin bpróiseas iarratais ar líne agus nach bhfuil freagra ar do cheist i rannán na gCeisteanna Coitianta, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig [onlineservices@artscouncil.ie](mailto:onlineservices@artscouncil.ie), nó glaoch ar an gComhairle Ealaíon ar **01 618 0200/01 618 0243**

Má bhíonn ceist agat faoi d'iarratas nach mbaineann le cúrsaí teicniúla, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ealaíon a bhfuil iarratas ar mhaoiniú á chur faoina bráid agat ar ríomhphost nó ar an bhfón: <http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Liostai-den-bhfoireann-agus-de-chomhairleoiri/>

Chun féachaint ar ár dtreoir YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh, téigh chuig: <https://www.youtube.com/watch?v=-a3xeZdZj3o>

## Príomhphointí

---

- Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gComhairle Ealaíon faoi láthair ar an mbealach a maoinimid camchuariteanna agus tá sé i gceist paraiméadair na dámhachtana seo a athrú. Measaimid an t-athrú a bheith mar chuid lárnach dár ról mar an ghníomhaireacht forbartha do na healaíona in Éirinn. Bíonn na sonraí a chuireann an earnáil ar fáil mar bhonn eolais ag athruithe ar ár gcinnteoireacht agus ár gceapadh beartas. Cuireann na treoirlínte seo le treoir agus faisnéis bheartais eile arna soláthar ag an gComhairle Ealaíon, agus ní thagann siad ina n-ionad. Sula ndéanann tú iarratas, molaimid duit eolas a chur ar an bhfaisnéis go léir atá ar fáil.
- Athruithe ar an scéim le gairid:
  - Tá cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana seo ailínithe níos dlúithe againn le straitéis na Comhairle Ealaíon [Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh](#)
  - Tá síneadh curtha againn leis an tréimhse gníomhaíochta camchuarite atá clúdaithe
  - Tá caighdeánú déanta againn ar an ábhar tacaíochta éigeantach a theastaíonn ó gach iarratasóir – tá roinnt eisceachtaí fós ann, mar sin, léigh an treoir seo go cúramach
  - Tá ár bpróisis mheasúnaithe agus chinnteoireachta ailínithe againn chun cloí le nós imeachta piarphainéil na Comhairle Ealaíon.
- Má éiríonn leat, spreagtar thú chun do chamchuarite bheartaithe a chlárú (nuair is cuí) le [Tourbook](#), ardán nua do na taibhealaíona ar camchuarite. Suíomh gréasáin éasca le húsáid is ea é atá á fheidhmiú faoi choimirce an [Fhórait Amharclannaíochta](#).
- D'fhonn iarratas a dhéanamh, **ní mór** duit a bheith cláraithe le haghaidh cuntas Sheirbhísí Ar Líne na Comhairle Ealaíon (OLS). Mura bhfuil ceann agat, is féidir leat clárú le ceann a fháil [anseo](#). Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé suas le **cúig lá oibre** a thógáil sular féidir úsáideoir nua a chlárú ar OLS, mar sin tabhair go leor ama duit féin é seo a dhéanamh sula mbeidh an spriocdháta buailte leat.
- Molaimid go láidir duit an cháipéis seo a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú ar an bpróiseas chun d'iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go láidir duit freisin tosú ar an bpróiseas go luath agus **neart ama** a fhágáil chun d'iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go mbeadh sé mar aidhm agat d'iarratas a uaslódáil **daichead a hocht uair an chloig ar a laghad** roimh an spriocdháta fógartha. Ar an gcaoi sin, beidh am agat dul i dteagmháil linn má bhíonn aon fhadhbanna teicniúla agat agus beimid in ann cuidiú leat.
- Tabhair faoi deara, de bharr an líon mór iarratasóirí a úsáideann an córas ar líne lá an spriocdháta, nach féidir linn a dheimhniú go mbeimid in ann aon fhadhbanna teicniúla a bheadh agat a réiteach, sa chás go dtéann tú i dteagmháil linn **i ndiaidh a 2.00 pm lá an spriocdháta**.

## Sainmhínte chun críche na dámhachtana seo

- **Gníomhaíocht chamchuarite:** seo an áit a mbeidh an clár nó imeacht ealaíonta céanna ar siúl i dtrí áit nó níos mó. D'fhéadfadh taibhithe, ceolchoirmeacha, imeachtaí nó taispeántais nó cineálacha eile de chur i láthair saothar ealaíne don phobal a bheith i gceist le gníomhaíocht chamchuarite.
- **Camchuart agus scaipeadh:** Aithníonn an Chomhairle Ealaíon go mbíonn éagsúlacht ag baint le foirmeacha ealaíne agus cleachtais ealaíon ina modhanna chun saothar a chur i láthair an phobail. Aithnímid go bhféadfadh an iliomad modhanna nó modhanna malartacha a bheith i gceist le camchuariteanna chun saothar i bhfoirmeacha ealaíne nó i gcleachtais ealaíon a scaipeadh agus a chur i láthair nach gá a bheith i gcomhréir leis an nósanna camchuarite traidisiúnta. Baineann an scéim seo le húsáid an téarma 'camchuariteanna' chun cur i láthair gach cineál saothar ealaíne, lena n-áirítear scaipeadh saothair, a chur in iúl.
- **Ionad:** tagraíonn sé seo d'ionaid ealaíon, d'ionaid, do dhánlanna, do scoileanna, do hallaí, d'eaglaisí, d'fhéilte nó do spásanna faighte nó coimeáda eile ina mbíonn an ealaín ar siúl.
- **Ealaíontóir/eagraíocht ealaíon:** baineann sé seo le healaíontóirí gairmiúla agus/nó eagraíochtaí ealaíon gairmiúla. Tuigtear gur duine é an t-ealaíontóir atá go gníomhach ag leanúint gairm bheatha mar ealaíontóir in aon fhoirm ealaíne, agus a áiríonn a gcuid saothar ealaíne mar a bpríomh-phroifisiún nó gairm bheatha. Baineann seo fiú murab é a gcuid oibre na healaíona a bpríomh-fhoinsé ioncaim nó má tá fostaíocht eile acu.
- **Lucht féachana/éisteachta:** tuigimid gur daoine a phléann leis na healaíona iad an lucht féachana – e.g. daoine a fhreastalaíonn ar cheolchoirm, ar thaibhiú nó ar imeacht, cuairteoirí ar thaispeántas, léitheoirí saothair liteartha, éisteoirí agus lucht féachana na n-amharc-ealaíon, srl.
- **Forbairt lucht féachana/éisteachta:** Is é an tuiscint atá againn ar lucht féachana/éisteachta a fhorbairt, gníomhaíocht ar bith lena gcuirtear rochtain ar na healaíona ar fáil go forleathan – e.g.
  - Luchtanna éisteachta/féachana a **mhéadú** – níos mó daoine a mhealladh leis an bpróifíl chéanna leis an lucht féachana/éisteachta reatha
  - An caidreamh leis an lucht féachana/éisteachta a **dhoimhniú** – ag cur luach le heispéireas an lucht féachana/éisteachta ach cabhrú leis an lucht féachana/éisteachta dul i ngleic le gníomhaíochtaí gaolmhara - e.g. foirmeacha ealaíne eile, for-rochtain, imeachtaí, cainteanna, ceardlanna, plé, srl.
  - Lucht féachana/éisteachta a **éagsúlú** – daoine ag a bhfuil próifíl atá éagsúil leis an lucht féachana/éisteachta reatha a mhealladh, lena n-áirítear daoine nach raibh i dteagmháil leis na healaíona cheana nó a bhfuil sé deacair orthu teagmháil a dhéanamh leis na healaíona.
- **Rannpháirtíocht an phobail:** téarma a chuimsíonn an raon leathan de theagmhálacha a bhféadfadh sé iad a bheith ag an bpobal leis na healaíona. Saináithníonn an Chomhairle Ealaíon trí réimse a bhfuil suim ar leith acu iontu:
  - Cásanna ina mbíonn an pobal rannpháirteach mar bhaill de lucht féachana (léitheoirí, éisteoirí, lucht féachana)
  - Cásanna ina mbíonn an pobal rannpháirteach mar rannpháirtithe gníomhacha, mar chomhoibrithe nó mar chomhchruthaitheoirí saothar ealaíne nó cleachtas ealaíon
  - Cásanna ina mbíonn daoine páirteach go gníomhach sna healaíona i gcáil dheonach nó amaitéarach.

## 1. Maidir leis an Scéim Camchuartha Saothair

---

### 1.1 An spriocdháta chun iarratais a chur isteach

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon.

Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas:

5.30i.n., Déardaoin, an 9 Bealtaine  
2024

Déan d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

### 1.2 Cad iad cuspóirí agus tosaíochtaí na scéime?

Is é is cuspóir leis an Scéim Camchuartha Saothair ealaín ar ardchaighdeán – de chineálacha éagsúla – a chur ar fáil do níos mó daoine ar fud na tíre. Agus camchuartheanna atá le maoiniú á roghnú againn, measann muid barrfheabhas ealaíne an tsaothair féin agus rannpháirtíocht an phobail. I bhformhór na gcásanna, is ionann an saothar atá le dul ar camchuartha agus saothar a léiríodh go rathúil cheana agus a nglacadh go maith leis i dtéarmaí freagra criticiúil agus ón lucht féachana/éisteachta (féach critéir shainiúla le gach foirm ealaíne san aguisín i leith eisceachtaí air seo).

Taispeánfaidh iarratasóirí ar éirigh leo conas a bheidh líonra d'ionaid tionóil agus/nó comhpháirtithe agus comhoibrithe á chruthú nó á úsáid ag a gcamchuartha. D'fhéadfaí go gcuimseoidís seo ealaíontóirí eile, léiritheoirí, poiblitheoirí, eagraíochtaí ealaíne, féilte, údarais áitiúla, maoinitheoirí, srl. Ba cheart go gcuirfeadh do chomhpháirtithe agus do chomhoibrithe le rath do chamchuartha ó thaobh ealaíne, lucht féachana/éisteachta agus geografaí/spáis de.

Tá an Scéim Camchuartha Saothair, cosúil le gach dámhachtain de chuid na Comhairle Ealaíon, bunaithe ar ár straitéis deich mbliana [Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh](#), agus nascann an scéim go háirithe le príomhthosaíochtaí na scéime, ar iad an t-ealaíontóir agus rannpháirtíocht an phobail. Is beartais eile na Comhairle Ealaíon ar cheart duit d'aird a dhíriú orthu iad seo a leanas:

- Ár mbeartas spásúil, [Áit, Spás agus Daoine](#), ar aidhm leis a áirithiú go bhfuil rath ar ealaíontóirí, lucht féachana agus na healaíona ar fud na tíre.
- Ár mBeartas [Luach Saothair don Ealaíontóir](#), ar aidhm leis a áirithiú go ndéanann ealaíontóirí saothar den chéad scoth, go roinneann siad an saothar agus go bhfaigheann siad luach saothair atá cóir agus cothrom
- Ár mBeartas [um Chomhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsitheacht](#) (CÉI), a chosnaíonn cearta gach duine chun sult a bhaint as na healaíona agus le bheith rannpháirteach sna healaíona.

Tá ár dtiomantas do CÉI á neartú trínár [mbeartas maidir le ealaíona leanaí agus daoine óga](#) agus trínár n-obair i [Rannpháirtíocht sna hEalaíona](#).

Tacaítear le foirmeacha ealaíne ar leith trí bheartais is féidir a aimsiú ar ár [suíomh gréasáin](#), agus tá tosaíochtaí áirithe maidir le camchuartheanna ag gach foirm ealaíne, a bhfuil fáil orthu san aguisín leis na treoirlínte seo.

Foilseoidh an Chomhairle Ealaíon Beartas um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaoil in 2024 agus ina dteannta sin cuirfidh An Chomhairle Ealaíon oiliúint agus acmhainní aeráide agus comhshaoil ar leith ar fáil don earnáil. Cé nach mbeidh tionchar ag éifeacht timpeallachta do chamchuirte ar d'iarratas an babhta seo, ba mhaith linn go gcuimhneoidh tú air sin amach anseo.

### 1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an scéim oscailte do:

Daoine aonair agus eagraíochtaí ar mian leo dul ar camchuirte le saothar a chur i láthair ó Eanáir go Nollaig 2025 i bPoblacht na hÉireann.

Le bheith i dteideal iarratas a dhéanamh, ní mór don iarratasóir na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- Lonnaithe/i do chónaí i bPoblacht na hÉireann. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an t-iarratas a mheas fiú má tá an t-iarratasóir bunaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. Mar sin féin, ní mór go gcuirfeadh an t-iarratas in iúl go láidir go rachadh an togra chun tairbhe do na healaíona i bPoblacht na hÉireann.
- D'ealaíontóirí gairmiúla i mbun cleachtaidh. Cé go mb'fhéidir nach dtuillfeá ioncam go leanúnach nó go heisiach ó do chuid cleachtas ealaíon, ní mór duit tú féin a chur in aithne, agus a bheith aitheanta ag do phiaraí mar ealaíontóir gairmiúil a bhíonn ag cleachtadh do cheirde.
- Féadann iarratasóirí nach n-éiríonn leo Maoiniú Straitéiseach/Ionad Ealaíon/Comhpháirtíochta a fháil iarratas a dhéanamh faoin Scéim/na Scéimeanna Camchuirte.

#### **Má tá maoiniú ón gComhairle Ealaíon á fháil agat cheana féin**

Tá iarratasóirí, seachas faighteoirí Maoiniú Straitéiseach/Ionad Ealaíon/Comhpháirtíochta, a fhaigheann maoiniú eile ón gComhairle Ealaíon incháilithe chun iarratas a dhéanamh, ar an gcoinníoll go mbeidh sé soiléir go bhfuil an ghníomhaíocht camchuirte dá bhfuil maoiniú á lorg sa bhreis ar na gníomhaíochtaí a bhfuil maoiniú tairgthe ina leith ag an gComhairle Ealaíon cheana féin.

#### **Iarratais chomhoibritheacha nó chomhpháirtíochta**

Spreagann an Chomhairle Ealaíon iarratais ina léirítear comhoibriú, comhléiriú agus comhpháirtíocht idir líonraí, cuibhreannais nó comharghrúpaí eile nó ó aonáin tairgthe nó léirithe.

Spreagaimid tograí a léiríonn comhpháirtíochtaí ardchaighdeáin idir an bonneagar ealaíon áitiúil agus náisiúnta. Bíodh nach dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon le haon chostais dhíreacha a bhaineann le camchuirteanna go hidirnáisiúnta, aithnímid agus spreagaimid iarratais, lena n-áirítear tacaíocht ó chomhpháirtithe léirithe idirnáisiúnta agus/nó tacaíocht

ó ghníomhaireachtaí maoinithe ábhartha (e.g. Cultúr Éireann) chun a chur ar ár gcumas dul i gcion ar lucht féachana/éisteachta idirnáisiúnta níos leithne lenár n-infheistíocht.

Mar chuid dá [Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuisitheachta](#), tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do **chomhionannas rochtana, deiseanna agus torthaí** a chur ar fáil do gach iarratasóir féideartha beag beann ar inscne, claonadh gnéis, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, aois, míchumas, cine nó duine den Lucht Siúil, nó cúlra socheacnamaíoch. Sa scéim mhaoinithe seo, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte ar leith roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, lena n-áirítear aon cheann de na tréithe a luaitear thuas ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin agus/nó tionscnaimh a chuireann deiseanna nó torthaí cothroma ar fáil dóibh siúd atá bainteach leo.

### Cé hé nó hí an t-iarratasóir?

Is ionann an t-iarratasóir agus an duine nó an eagraíocht a gheobhaidh aon deontas a thairgfear agus a bheidh freagrach as glacadh le téarmaí agus le coinníollacha an deontais sin.

Ní íocfar aon deontas a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm an iarratasóra.

Ní mór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm an iarratasóra (ealaíontóir aonair nó eagraíocht ealaíon) – e.g. má dhéanann tú iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú faoin ainm Máire de Barra, ní mór go mbeadh gach cáipéis, lena n-áirítear sonraí bainc agus sonraí cánach, san ainm sin. Ní ghlacfar le leaganacha malartacha amhail Mary Barry nó Barry Studios.

I gcás iarratas a bhaineann le líonra, cuibhreannas nó comhpháirtíocht, ní mór aon eagraíocht amháin a ainmniú mar an t-iarratasóir.

### 1.4 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Áirítear na daoine seo a leanas leo siúd nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh:

- Eagraíochtaí a fhaigheann Maoiniú Straitéiseach/Ionaid Ealaíon/Comhpháirtíochta
- Daoine aonair nó eagraíochtaí nach bhfuil cuntas teiste inléirithe mar ealaíontóirí nó eagraíochtaí gairmiúla acu
- Eagraíochtaí nó daoine aonair nach bhfuil ina gcónaí/lonnaithe i bPoblacht na hÉireann
- Iarrthóirí nach ndeimhíonn íocaíocht le haghaidh ealaíontóirí ina bpleananna bunaidh agus ina bpleananna teagmhais.
- Comhaltaí de Chomhairle na bhForas Cultúrtha Náisiúnta (CNCI) atá maoinithe go díreach ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

### 1.5 Cad air ar féidir leat iarratas a dhéanamh?

Áirítear iad seo a leanas ar na costais incháilithe:

- Costais dhíreacha na camchuarite (tar éis an t-ioncam atá beartaithe a asbhaint)
- Pá agus táillí\* don fhoireann ealaíne, chruthaitheach agus theicniúil agus do bhaill foirne eile atá riachtanach chun an chamchuarite a chur ar fáil
- Costais riaracháin atá iomchuí agus i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe



- Trealamh, spás nó ionad tionóil a fháil ar cíós más cuid lárnach é den ghníomhaíocht a chur ar siúl
- Costais a bhaineann le margáíocht, caidreamh poiblí agus rannpháirteachas leis an bpobal
- Lóistín, costais laethúla agus taisteal.
- Costais rochtana
- Costais a bhaineann le léiriúchán, taispeántas nó seó a chur ar bun arís sa chás nach mbeadh na costais sin maoinithe cheana féin ó fhoinse eile
- I roinnt samhlacha camchuarite, is féidir costais a bhaineann le clár oibre nua a chur le chéile, nach bhfuil léirithe go fóill san atriall nó sa chóiriú atá beartaithe, a áireamh – e.g. ceol, na healaíona traidisiúnta, na hamharc-ealaíona. Féach na tosaíochtaí atá ag na foirmeacha ealaíne seo in Aguisín 1 thíos.

**Tabhair faoi deara:** maidir leis na taibh-ealaíona seo a leanas – amharclannaíocht, ceoldrámaíocht, damhsa, sorcas, ealaíona sráide agus seónna - tabharfaimid tús áite d'iarratais a mholann athléiriú a dhéanamh agus léiriúcháin chamchuarite ar féidir leo a léiriú gur éirigh leo i dtéarmaí freagra criticiúil agus ón lucht féachana/éisteachta.

I gcúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh cuideachtaí nó eagraíochtaí ag a bhfuil cuntas teiste *suntasach* dul ar chamchuariteanna le léiriúcháin nár léiríodh go fóill. Cé nach bhfuil na chéad chostais léiriúcháin incháilithe i gcomhair tacaíochta faoin scéim seo, teastaíonn sonraí airgeadais a sholáthar, ag léiriú conas a íocfar na chéad chostais léiriúcháin. **Iarrtar ar eagraíochtaí den chineál sin soiléiriú a lorg ó fhoireann ábhartha na Comhairle Ealaíon sula ndéanann siad iarratas.**

## 1.6 Cad air nach féidir leat iarratas a dhéanamh?

Ní mheasfar na gníomhaíochtaí ná na costais seo a leanas a bheith incháilithe faoin Scéim Camchuarite Saothair:

- Costais a bhaineann leis na chéad chostais léiriúcháin, mura luaitear a mhalairt
- Costais a bhaineann go díreach le camchuariteanna de shaothar i gcomhthéacs idirnáisiúnta
- Costais a bhaineann go díreach le saothar a thabhairt ar camchuarit i dTuaisceart Éireann
- Mórcheannacháin chaipitiúla
- Príomhchostais leanúnacha nach bhfuil baint dhíreach acu, nach bhfuil oiriúnach agus nach bhfuil comhréireach le gníomhaíochtaí atá beartaithe
- Gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na scéime
- Gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain nó do scéim eile atá á maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó á feidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit eile, Cultúr Éireann san áireamh – áirítear leis seo gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl lasmuigh de Phoblacht na hÉireann
- Gníomhaíochtaí atá thart cheana nó a thosófar roimh Eanáir 2025
- Gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó a bheidh ar siúl go príomha chun brabús a dhéanamh
- Gníomhaíochtaí atá maoinithe ó fhoinse eile cheana féin

- Gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin, mura féidir leat a léiriú go ndearna tú an togra a fhorbairt óna chuir tú iarratas isteach an uair roimhe **nó** má mhol an Chomhairle Ealaíon duit go sonrath d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas.

### 1.7 Cá mhéad maoinithe ar cheart duit iarratas a dhéanamh air?

Níl uasteorainn leagtha amach maidir leis an méid ar féidir iarratas a dhéanamh air. Mar sin féin, feidhmíonn an Chomhairle Ealaíon faoi shriantachtaí buiséid, tá an scéim an-iomaíoch, agus forchoimeádann an Chomhairle Ealaíon an ceart níos lú ná mar a iarradh a thairiscint. Tá na sonraí maidir leis na hiarratasóirí ar éirigh leo maoiniú a fháil sna blianta roimhe ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon sa chuid [Cé Atá Maoinithe Againn](#). Le haghaidh tuilleadh treorach, téigh i dteagmháil le foireann ábhartha na Comhairle Ealaíon.

Agus tú ag déanamh iarratas ar mhaoiniú faoin Scéim Camchuarite Saothair, ní mór duit sonraí buiséid a bhaineann le do thionscadal a chur isteach. Is ionann an t-uasmhéid maoinithe is féidir leat a iarraidh agus an difríocht idir an CAITEACHAS BEARTAITHE agus an t-IONCAM BEARTAITHE a léiríonn tú sa bhuiséad.

- Ba cheart go n-áireofaí gach táille agus pá leis an gcaiteachas beartaithe, \*, costais theicniúla, costais mhargaíochta agus phoiblíochta, costais riaracháin, srl.
- Ba cheart go n-áireofaí leis an ioncam beartaithe an méid airgid a shíleann tú a gheofar ó mhaoinitheoirí eile, fáiltais ó dhíol ticéad, díolacháin chlár, etc.
- Is tábhachtach freisin gach tacaíocht chomhchineáil\*\* a léiriú san ioncam agus sa chaiteachas araon chun fíorluach agus luach iomlán do thogra a chur in iúl.

Iarrtar ort an t-ioncam, an caiteachas agus an méid atá á iarraidh agat a shonrú ag na céimeanna seo a leanas le linn d'iarratais:

- Ar líne, nuair a chuirfidh tú tús leis an iarratas (na figiúirí iomlána amháin)
- I gcuid 3 den fhoirm iarratais
- Ní mór d'iarratasóirí téatair an Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuarite Amharclannaíochta a úsáid freisin, agus ní mór d'iarratasóirí ceoldráma an Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuarite Cheoldráma a úsáid freisin— féach ar chuid 1.8 thíos.

Cinntigh go bhfuil na figiúirí iomlána mar an gcéanna ar gach rud; agus cinntigh gurb ionann an méid atá á iarraidh agus CAITEACHAS IOMLÁN lúide IONCAM IOMLÁN. Ní mór gach suim a lua in euro (€).

#### \* NÓTAÍ:

---

**\* Nóta maidir le pá ealaíontóirí** Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phá agus coinníollacha ealaíontóirí a fheabhsú. Sa chomhthéacs seo, tá [beartas](#) foilsithe ag an gComhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom ealaíontóirí gairmiúla. Áirítear anseo prionsabail an chleachtais is fearr ar cheart dóibh siúd ar fad a oibríonn sna healaíona a bheith ag dréim leo.

Caithfear gach ealaíontóir gairmiúil a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí a mhaoiníonn an Chomhairle Ealaíon a íoc go cóir. Caithfidh aon duine a bhfuil maoiniú á lorg acu ón gComhairle Ealaíon insint dúinn cén chaoi a

---

gcinnteoidh siad go bhfaighidh ealaíontóirí pá agus coinníollacha córa agus ní mór sonraí maidir leis sin a thabhairt ina mbuiséid. Úsáidfimid é sin mar chuid den phróiseas measúnaithe iarratais, agus ní thairgfimid aon mhaoiniú má mheasaimid go bhfuil an pá ró-íseal nó faoi chaighdeán an tionscail, nó nuair nach bhfuil téarmaí na fostaíochta iomchuí. Trínár meicníochtaí tuairiscithe, déanfaimid monatóireacht ar chomhlíonadh.

Ní leagaimid amach ná ní mholaimid rátaí pá ach aithnímid ról na n-eagraíochtaí sin a bhfuil sainordú acu sin a dhéanamh agus tagraímid dóibh sin i gcás gur ann dóibh. Tugaimid tiomantas freisin do thacú le príomheagraíochtaí ionadaíocha agus acmhainne chun athbhreithniú a dhéanamh ar rátaí tionscail agus chun uirlisí nua a fhorbairt a thacaíonn leis an bpróiseas conraitheoireachta.

Aithníonn an beartas go bhféadfadh sé tarlú uaireanta nach mbíonn feidhm le luach saothair. D'fhéadfadh sé sin tarlú de bharr gníomhaíocht dheonach nó rannpháirteach nó de bharr cineál eile malartaithe luacha dhleathaigh éigin. Tá sé tábhachtach é sin a aithint, ach a rá go bhfuil gá le soiléire agus go gcaithfear an réasúnaíocht a chur in iúl go follasach.

**\*\* Nóta  
maidir le  
tacaíocht  
chomhchine  
áil**

Má tá tú ag súil le tacaíocht chomhchineáil a fháil, is gá duit luach airgeadais a chur uirthi ionas go mbeidh an ranníocaíocht a dhéanann sí le fíorluach do thogra soiléir. Ba cheart duit caitheamh le tacaíocht chomhchineáil mar chaiteachas agus mar ioncam araon: pé méid a dhearbhaíonn tú ar thaobh an chaiteachais, ba cheart duit é a dhearbhu freisin ar thaobh an ioncaim.

Ní féidir am a thugann na stiúrthóirí nó comhaltaí boird a áireamh mar chostas comhchineáil.

Más ioncam comhchineáil amháin atá san ioncam iomlán le haghaidh do thionscadail, ní mór duit a mhíniú cén fáth nach gcuirtear foinsí ioncaim eile ar fáil sa bhuiséad atá beartaithe agat.

**Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe<sup>1</sup> faoi mhíchumas**

Anuas ar an uasmhéid atá ceadaithe, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon measúnú ar chostais rochtana a bhaineann go sonrach le saothair a dhéanann ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas agus/nó a bhfuil costais neamh-chaipitiúla rochtain an phobail acu (e.g. tráchttaireacht fuaimne, ateangaireacht) i gcásanna a bhfuil toradh poiblí ag baint le do thogra.

Tógann an Chomhairle Ealaíon an sainmhíniú ar mhíchumas ó Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ina sonraítear: 'Áirítear i measc daoine faoi mhíchumas na daoine sin ar a bhfuil mallachair fhadtéarmacha de chineál fisiciúil, meabhrach, intleachtúil nó céadfach ar mallachair iad, nuair a nasctar iad le nithe eile, a

<sup>1</sup> Tugann an Chomhairle Ealaíon sainmhíniú ar rannpháirtithe mar iad siúd a chuireann iad féin in iúl go cruthaitheach trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíonta. I dtéarmaí níos leithne, ciallaíonn sé seo aon duine atá páirteach sna healaíona ar aon bhealach ag aon leibhéal e.g. ag freastal ar imeacht, ag léamh leabhair, ag féachaint ar thaibhléirí.

d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cosc ar pháirteachas iomlán éifeachtach sa tsochaí ar an mbonn céanna le daoine eile.'

Más mian leat cur isteach ar mhaoiniú do chostais rochtana, ba cheart duit an fhaisnéis seo a leanas a uaslódáil le d'iarratas:

- Cáipéis ghairid ina dtugtar achoimre ar do chostais rochtana bhreise
- Méid do chostais rochtana sa chuid caiteachais de bhuiséad d'fhoirme iarratais. Ba cheart an figiúr sin a áireamh leis an méid iomlán a iarrann tú freisin.

#### **Cad is Costas Rochtana ann?**

Clúdaíonn costais rochtana aon riachtanais a d'fhéadfadh a bheith ag ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas, ionas go mbaintear aon chonstaic a d'fhéadfadh cosc a chur ort do thogra a chríochnú. D'fhéadfadh costais i gcomhair am breise atá ag teastáil chun gné do thogra a chríochnú nó cúnamh sa bhreis chun do ghníomhaíocht mholta a sholáthar a bheith san áireamh, mar shampla.

- **Tabhair faoi deara:** sa chás go bhfuil na costais rochtana á n-iarraidh agat, ba cheart duit eolas a chur san áireamh faoi na costais chéanna agus an chaoi ar tháinig tú orthu mar chuid de do cháipéisíocht tacaíochta (féach rannán 1.8 thíos).

## 1.8 Cén t-ábhar tacaíochta NACH MÓR duit a chur isteach le d'iarratas?

Ciallaíonn ábhar tacaíochta ábhar **ar leith ó d'fhoirm iarratais agus sa bhreis air**. Cabhraíonn sé seo leis an duine a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar d'iarratas chun tuiscint níos soiléire a fháil ar do thogra. Léigh go han-chúramach an liosta seo a leanas den ábhar tacaíochta a theastaíonn, mar is é an chúis is mó a meastar iarratais a bheith neamh-incháilithe ná go dteiptear cloí leis seo.

Ar mhaithe le bheith incháilithe do mhaoiniú faoin Scéim Camchuarite Saothair, chomh maith le foirm iarratais chomhlánaithe, **ní mór** duit an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach ar líne:

- **Meabhrán tuisceana (MOU) do gach ceann** de do chuid eagraíochtaí comhpháirtíochta ina sonraítear spriocphobail, socruithe margaíochta agus airgeadais – bain úsáid as an teimpléad meabhráin.
  - Cuir na Meabhráin Tuisceana chomhlánaithe go léir isteach in aon cháipéis amháin lena gcur isteach
  - I gcás nach féidir meabhrán tuisceana a chur ar fáil (e.g. i gcás ionad ealaíon nach bhfuil faoi bhainistíocht ghairmiúil), teastaíonn nóta ina mínítear é seo
  - Tá fianaise ar aon tacaíocht airgeadais nó urraíocht nó tacaíocht chomhchineáil nach bhfuil meabhrán tuisceana agat ina leith riachtanach freisin
  - Cinntigh, le do thoil, go mbíonn spriocanna an lucht féachana/éisteachta agus tacaíocht airgeadais ag teacht leis na figiúirí a chuir tú ar fáil ar an bhfoirm iarratais.

### Tabhair faoi deara:

- Ní mór d'iarratasóirí ar Chamchuariteanna Ceoldráma, anuas ar mheabhráin tuisceana, **Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuarite Cheoldráma** a chomhlánú agus a chur isteach. Measfar iarratais a chuirfear isteach gan Teimpléad Buiséid comhlánaithe le haghaidh Camchuarite Cheoldráma agus/nó gan straitéis mhionsonraithe rannpháirteachas leis an bpobal agus plean comhfhreagrach margaíochta a bheith neamh-incháilithe.

### Tabhair faoi deara:

- Níl meabhráin tuisceana riachtanach le haghaidh camchuariteanna téatair – ina ionad sin, ní mór d'iarratasóirí an dá tháb den **Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuarite Amharclannaíochta** a chomhlánú lena n-áirítear achoimre ar chomhaontuithe ionad tionóil. Tá fáilte roimh litreacha tacaíochta ó ionaid tionóil ach níl siad riachtanach.

Is féidir gach teimpléad a íoslódáil ó leathanach Camchuarite agus Scaipthe Camchuarite ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon: <https://www.artscouncil.ie/ga/Cisti/An-Sceim-Camchuarite-is-Scaipthe-Saothair/>

**Straitéis maidir le rannpháirteachas leis an bpobal** (3 leathanach ar a mhéad): uaireanta tagraítear don straitéis seo mar phlean idirghabhála, plean um lucht féachana/éisteachta, nó plean margaíochta/plean caidrimh phoiblí, agus is ionann straitéis maidir le rannpháirteachas leis an bpobal agus cáipéis a chuidíonn linn chun na nithe seo a leanas a thuiscint:

- Cén lucht féachana/éisteachta a bhfuil tú ag iarraidh freastail air le do chamchuarite

- Cén chaoi agus cén fáth ar shainaitheon tú an lucht féachana/éisteachta seo
- Cén cur chuige atá agat maidir le lucht féachana/éisteachta a fhorbairt (amhail do lucht féachana/éisteachta a mhéadú, a dhoimhniú nó a éagsúlú)
- Conas a áiritheoidh tú go bhfuil an lucht féachana/éisteachta seo ar an eolas faoi do chamchuartha agus conas a spreagfaidh tú iad le freastail uirthi
- Na huirlisí nó modhanna a úsáidfidh tú (agus/nó a úsáidfidh na hionaid tionóil atá i gceist) chun an sprioc seo a bhaint amach.

Féach, le do thoil, na **Sainmhínte ar mhaithe leis an dámhachtain** seo thuas, mar aon leis an **bhfoirm ealaíne agus na tosaíochtaí cleachtas ealaíon** ar leith atá sonraithe in aguisín leis na treoirínite seo.

- **Plean teagmhais**

- Ní mór plean teagmhais a bheith san áireamh in iarratais ina leagtar amach socruithe malartacha sa chás nach mbeifí in ann an chéad phlean a chur i bhfeidhm mar gheall ar shrianta nó aon imeacht eile. Ba cheart go mbeadh deimhniú mar chuid den phlean sin go ndéanfaí na gealltanais d'ealaíontóirí a chomhlíonadh, fiú sa chás go gcuirfí an chamchuartha ar ceal.

- **Fianaise ar chuntas teiste**

- CVanna reatha, beathaisnéis ealaíontóirí agus/nó próifíl chuideachta (dhá leathanach ar a mhéad) príomhphearsanra ealaíne chun cuntas teiste ealaíonta gairmiúil a thaispeáint
- CVanna, beathaisnéis de phríomhphearsanra eile – e.g. próifíl saorléiritheora agus/nó cuideachta (2 leathanach an ceann ar a mhéad) lena léirítear cuntas teiste ábhartha agus saineolas maidir le bainistíocht táirgthe, seachadadh camchuartheanna agus bainistíocht riosca.
- Cuir gach CV comhlánaithe in aon doiciméad amháin lena gcur isteach le do thoil.

- **Samplaí d'obair:**

- Ní mór duit samplaí den obair atá beartaithe a chur ar fáil
- I roinnt cásanna, d'fhéadfá samplaí a sholáthar de shaothar ealaíne den chineál céanna, ach ábhartha, le príomhealaíontóirí agus/nó grúpa, cuideachta nó eagraíocht.
- Maidir le **hamharclannaíocht, damhsa, ceoldrámaíocht, sorcas agus ealaíona sráide**, iarrtar ort fianaise a sholáthar ar an gcaoi a bhfuarthas an obair atá beartaithe roimhe seo – e.g. trí athbhreithnithe nó faisnéis ó oifig na dticéad.

**Ní mór** an t-ábhar tacaíochta ar fad **a chur isteach ar líne**. Ní ghlacfar le hábhar tacaíochta i bhfoirm cruachóipe. Cuir faisnéis chomhthéacsúil san áireamh le haghaidh gach ábhar tacaíochta i dtéacschomhad atá lipéadaithe go soiléir.

---

**Grianghraif**

Lipéadaigh gach íomhá go soiléir agus déan cinnte go soláthraíonn tú eolas comhthéacsúil ábhartha. D'fhéadfaí sonraí a chuimsiú maidir le teideal agus dáta na saothar, le meáin agus toisí, leis an áit ar cuireadh an saothar i láthair, etc.

---

**Saothar**

Cuir faisnéis chomhthéacsúil ábhartha ar fáil. D'fhéadfadh sonraí a

---

<b>d'íomhána gluaisteacha</b>	bheith i gceist leis sin faoin saothar, cá huair a léiríodh nó cá háit ar léiríodh é, tráchttaireacht ar théama an tsaothair nó tráchttaireacht ghinearálta, ainm na dtaibheoirí, conas a maoiníodh an saothar (e.g. dámhachtain, féinmhaoiniú). Níor cheart na sleachta a bheith níos faide ná trí nóiméad agus níor cheart níos mó ná trí shliocht a chur isteach.
<b>Taifeadtaí ceoil/fuaimne</b>	Áirigh ainmneacha taibheoirí agus tabhair sonraí ionstraimíocht más iomchuí.
<b>Samplaí scríbhneoireachta</b>	Ná cuir isteach níos mó ná deich leathanach de shaothar liteartha nó de script – ní féidir le baill den phainéal piaraí idirnáisiúnta scrípteanna dráma/scannáin nó lámhscríbhinní liteartha iomlána eile a léamh.
<b>Tagairtí do shaothair réimse phoiblí/fhoilsithe</b>	Tabhair go leor sonraí ionas go mbeifear ábalta na saothair a aithint go soiléir – e.g., sonraí foilseacháin maidir le leabhair, sonraí suímh maidir le foirgnimh nó suiteálacha, etc.

**Tabhair faoi deara:** is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí de shaothar a thabhairt. Ní mór ábhar tacaíochta neamhspleách amhail CVanna agus litreacha tacaíochta srl. a uaslódáil mar dhoiciméid aonair le d'iarratas.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na formáidí is féidir a úsáid chun d'ábhar tacaíochta a uaslódáil mar chuid de d'iarratas, féach rannán **2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas.**

**Féach freisin na tosaíochtaí maidir le foirmeacha ealaíne agus cleachtas ealaíon ar leith atá sonraithe in aguisín leis na treoirlínte seo.**

### Ábhar breise a bhíonn de dhíth i gcásanna áirithe

- **Maidir le hiarratais a bhaineann le costais rochtana**

Má tá costais rochtana bhreise á lorg agat chun tacú le hobair le daoine aonair a bhfuil riachtanais rochtana acu, nó chun tacú le rochtain ar d'áit oibre do lucht féachana a bhfuil riachtanais rochtana acu, cuir cáipéis san áireamh ina leagtar amach na costais sin, agus an chaoi ar thángthas orthu. Déan cinnte go gcuireann tú an méid breise san áireamh mar chuid de do bhuiséad.

- **Maidir le hiarratais a bhaineann le leanaí agus le daoine óga atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois**

Éilíonn an Chomhairle Ealaíon ar gach duine aonair agus ar gach eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí (mar shampla seirbhísí cultúrtha, áineasa, oideachais) do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí a chur i bhfeidhm. Agus iarratas á dhéanamh agat, **caithfidh** tú a chur in iúl i gcuid 1 den fhoirm iarratais cé acu a bhaineann do thogra leis an aoisghrúpa seo nó nach mbaineann.

Má fhreagraíonn tú 'Tá' ar an gceist seo san fhoirm iarratais agus má éiríonn le d'iarratas, beidh ort, mar choinníoll maoiniúcháin, a dheimhniú agus a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm agat.

Má éiríonn leat, iarrfar ort Féin-iniúchadh Dearbhaithe Cáilíochta na Comhairle Ealaíon i dtaca le Cosaint agus Leas Leanaí a chomhlánú ar <https://childprotection.artscouncil.ie/>. Téigh chuig [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie) le tuilleadh faisnéise a fháil maidir le Tús Áite do Leanaí.

Éileofar ort freisin do chuid sonraí a nuashonrú sa táb faisnéise faoin bpróifíl sa chuntas Seirbhísí ar Líne (gabh chuig an rannán chun do chuntas a nuashonrú chun sin a dhéanamh).

- **Maidir le hiarratais a bhaineann le daoine fásta soghonta**

Agus iarratas á dhéanamh agat, **caithfidh** tú a chur in iúl i gcuid 1 den fhoirm iarratais cé acu a bhaineann nó nach bhaineann do thogra le hobair le daoine fásta leochaileacha nó le hobair do dhaoine fásta leochaileacha. Má chuireann tú tic sa bhosca Tá, cuireann tú in iúl go n-oibreoidh tú leis an gcohort seo nó go gcuirfidh tú obair i láthair don gcohort seo mar chuid de do thogra agus go n-aithníonn tú go bhfuil tú ar an eolas maidir leis an *mBeartas agus na Nósanna Imeachta Náisiúnta um Chosaint Daoine Soghonta atá i mBaol Mí-úsáide*, agus go gcloíonn tú leis (féach [anseo](#)).

- **Maidir le hiarratais a bhaineann le bheith ag obair le hainmhithe**

Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip de do *Bheartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe* a chur ar fáil.

**Tabhair faoi deara:**

- **D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort níos mó fianaise maidir le bheith ag cloí leis na beartais seo a chur ar fáil má éiríonn le d'iarratas.**
- **D'fhonn an líon mór iarratas a fhaighimid de ghnáth a mheas go tráthúil, ní féidir linn aon ábhar tacaíochta seachas na cinn atá liostaithe thuas a athbhreithniú.**
- **Measfar d'iarratas neamh-incháilithe mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta éigeantach isteach.**
- **Bain úsáid as an seicliosta ag deireadh na foirme iarratais chun tacú le do thogra.**

## 1.9 Incháilitheacht

Measfar go bhfuil d'iarratas **neamh-incháilithe** agus ní chuirfear é chun cinn go dtí an chéad chéim eile den phróiseas má bhaineann aon cheann de na rudaí seo a leanas leis:

- Chuir tú an t-iarratas isteach i ndiaidh an spriocdháta.



- Níor chomhlánaigh tú gach rannán den fhoirm iarratais a bhaineann le do thogra.
- Ní féidir leat iarratas a dhéanamh mar atá leagtha amach i gcuid 1.4 agus i gcuid 1.6 thuas.
- Déanann tú níos mó ná iarratas amháin – ní féidir linn glacadh le níos mó ná iarratas amháin in aghaidh an iarratasóra.
- Níor chuir tú gach ceann de na hábhair thacaíochta riachtanacha mar a leagtar amach i gcuid 1.8 thuas ar fáil.
- Tá d'iarratas níos oiriúnaí do chlár maoinithe eile a thairgeann an Chomhairle Ealaíon nó gníomhaireacht mhaoinithe eile (cuirfimid an deis maoinithe níos oiriúnaí in iúl duit sa chás seo).

**Tabhair faoi deara:** sa chás go meastar go bhfuil d'iarratas neamh-incháilithe, ní dhéanfar measúnú air agus beidh tú in ann iarratas a dhéanamh leis an togra céanna i mbabhtá maoinithe sa todhcháí.

## 2. An dóigh le d'iarratas a dhéanamh

---

### 2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (sa phost, ar facs nó ar ríomhphost).

Ní mór go mbeadh cuntas Seirbhísí ar Líne agat chun iarratas a dhéanamh. Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo: <https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge>.

Laistigh de chúig lá oibre, seolfar ARN (Uimhir Thagartha Ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal chugat trí ríomhphost, agus beidh tú in ann úsáid a bhaint astu chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

#### Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

**Nóta:** beidh ríomhaire/ríomhaire glúine de dhíth ort le húsáid chun d'iarratas a chur isteach. Ní oibríonn ár láithreán gréasáin Seirbhísí ar Líne ar fhóin ná ar tháibléid.

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

---

**PC** Córas oibriúcháin Windows 7 nó leagan níos déanaí de Windows leis na leaganacha brabhsálaithe seo a leanas: Microsoft Edge (v.94) nó Firefox (v.27) nó Chrome (v.33), nó leagan níos déanaí d'aon cheann de na brabhsálaithe sin.

---

**Mac** Mac OS X v10.5 Leopard nó leagan níos déanaí de chóras oibriúcháin Mac leis na leaganacha brabhsálaithe seo a leanas: Safari (v.3.1) nó Firefox (v.27) nó Chrome (v.32) nó Microsoft Edge (v.94), nó leagan níos déanaí d'aon cheann de na brabhsálaithe sin.

**Tabhair faoi deara:** Má choisceann Safari 11 uaslódáil cáipéisí, úsáid leagan níos déanaí de Safari, nó brabhsálaithe difriúla amhail Firefox, Chrome nó Microsoft Edge.

---

**Tabhair faoi deara:** ní mór go mbeadh Microsoft Word nó OpenOffice Writer ar an ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Bogearra saor in aisce is ea OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil anseo: <https://www.openoffice.org>.

#### Úsáideoirí OpenOffice

Féach ar ár bhfíseán *Using OpenOffice to download, complete and upload the application form* ag <https://www.youtube.com/watch?v=iT9Xxgmg0Eo>.

**Ní mór duit** OpenOffice Writer leagan 4.0.1 nó níos luaithe a úsáid. Nuair a úsáidtear leaganacha níos déanaí ná 4.0.1 de OpenOffice Writer athraíonn an chaoi a bhfeictear ár bhfoirmeacha iarratais nuair a chuirtear isteach trí Sheirbhísí ar Líne iad.

#### Nótaí tábhachtacha d'úsáideoirí Apple Mac

- Tabhair faoi deara an chuid san fhíseán YouTube (ag 1 nóim. 20, tá an nasc ar fáil thuas) ina bpléitear leis an leagan 4.0.1 a íoslódáil ar ríomhairí Mac ar a mbeadh an córas oibriúcháin Mac OS Mojave nó leagan níos luaithe suiteáilte.
- Ní féidir OpenOffice 4.0.1 a íoslódáil ar Mac ar a bhfuil an córas oibriúcháin MAC OS Catalina. Má tá an córas oibriúcháin seo nó leagan níos déanaí de suiteáilte ar do Mac, beidh ort leagan 4.1.9 de OpenOffice, nó leagan níos nuaí de, a íoslódáil agus a úsáid.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spríodhata.

### Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú

Ba cheart duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spríodhata agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spríodhata. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spríodhata.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

### Tacaíocht theicniúil a fháil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig [onlineservices@artscouncil.ie](mailto:onlineservices@artscouncil.ie) nó trí ghlaoch a chur ar 01 6180200/01 6180243. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spríodhata. Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileáilimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spríodhata agus go mb'fhéidir nach réiteofar glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis a 2.00 p.m. ar lá an spríodhata.

## 2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Mura bhfuil sé seo déanta agat cheana féin, íoslódáil an fhoirm iarratais don dámhachtain ar mian leat iarratas a dhéanamh uirthi. Is cáipéis Microsoft Word/OpenOffice Writer í an fhoirm iarratais, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

**Tabhair faoi deara:** tá an fhoirm iarratais leagtha amach chun go mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann faisnéis a bhaint uaithi chun críocha measúnaithe. Tá sé **thar a bheith tábhachtach** go mbeidh freagraí clóscríofa sna boscaí liatha ar an bhfoirm, agus nach mbainfear iad agus/nó nach mbeidh rud ar bith clóscríofa lasmuigh díobh. Má dhéanann tú é sin, beidh fadhbanna ann agus d'fhoirm á huaslódáil.

### Do chás a chur i láthair

Chun an cás is fearr a chur i láthair maidir le cén fáth ar cheart duit maoiniú a fháil, ba cheart duit breithniú an-chúramach a dhéanamh ar cad a chuirfidh tú san áireamh sna codanna seo a leanas den fhoirm.

---

#### 2.1 Teideal do chamchuarite

Ní mór teideal gearr tuairisciúil a thabhairt ar an gcamchuarite. Ag brath ar nádúr na camchuarite, d'fhéadfaí teideal an imeachta nó na gníomhaíochta, ainm an ghrúpa ar camchuarite, nó teideal an tsaothair atá á léiriú a áireamh anseo.

Samplaí Camchuarite náisiúnta St Matthew's Passion le Bach á sheinm ag an gCeolfhoireann Fhiolarmónach  
Camchuarite líonra de thrí dhráma ghearra le Beckett á léiriú ag Compántas Drámaíochta an Bhaile Nua

---

<a href="#">2.2 Achoimre ar do thogra</a>	Déan achoimre ar do thogra (suas le trí phointe ghearra). Má éiríonn le d'iarratas, foilseofar an achoimre seo ar na leathanaigh <b>Cé atá Maoinithe againn</b> ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon; ar an ábhar sin, ba cheart duit a mheabhú go bhféadfadh níos mó daoine ná measúnóirí na Comhairle Ealaíon an méid a scríobhann tú a léamh.
<a href="#">2.3 Sonraí faoi do thogra</a>	Cuid lárnach de do thogra is ea an méid a scríobhfaidh tú anseo agus ba cheart go gcabhródh sé leis na daoine a bheidh i mbun measúnú ar d'iarratas tuiscint a fháil ar cad is mian leat a dhéanamh agus cén fáth. D'fhéadfaí go gcuimseofaí sonraí ar do spriocanna agus uailmhianta ealaíonta, mar aon le sonraí praiticiúla ar nós sceidil, eolas ar phríomhpháirtithe, conas atá sé i gceist agat lucht féachana/éisteachta a mhealladh, agus sonraí riaracháin, teicniúla nó airgeadais eile atá ábhartha i do thuairim.
<a href="#">2.4 Pá agus coinníollacha d'ealaíontóirí</a>	Iarrfar ort an chaoi a gcinnteoidh tú pá cóir agus coinníollacha cearta do na healaíontóirí agus do na hoibrithe ealaíon a oibríonn leat a leagan amach anseo.
<a href="#">2.5 D'iarratas agus na critéir mheasúnaithe</a>	Déan cur síos ar an gcaoi a gcomhlíonann d'iarratas gach ceann de chritéir mheasúnaithe na scéime seo – féach cuid <b>3.2 An próiseas measúnaithe</b> .
<a href="#">2.6 Ionaid tionóil don chamchuartha</a>	Liostaigh na hionaid tionóil don chamchuartha agus tabhair an líon lucht féachana/éisteachta atá comhaontaithe agat leis na hionaid sin. Má theastaíonn níos mó spáis uait chun an cheist seo a fhreagairt, uaslódáil cáipéis tacaíochta mar ábhar tacaíochta breise faoin ainm 'Ionaid Tionóil Bhreise'.
<a href="#">2.7 Ealaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le do thogra</a>	Liostaigh na healaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le do thogra (seachas na suíomhanna nó na heagraíochtaí a thugtar sa liosta thuas). Má theastaíonn níos mó spáis uait chun an cheist seo a fhreagairt, uaslódáil cáipéis tacaíochta mar ábhar tacaíochta breise faoin ainm 'Ealaíontóirí a ghlacfaidh páirt inár dtogra ar lean'.

### 2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur isteach le d'iarratas. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh CV nó samplaí de shaothar reatha de do chuid i gceist leis seo – e.g. téacs, físeán, íomhánna nó taifeadtaí fuaime (féach ar chuid **1.8 Cén t-ábhar tacaíochta NACH MÓR duit a chur isteach le d'iarratas?**).

Ní mór duit an t-ábhar tacaíochta uile den sórt sin a chur isteach ar líne – ba cheart duit, más gá, ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

#### Na formáidí comhaid a nglactar leo

Liostaítear sa tábla seo a leanas formáidí comhaid do d'ábhar tacaíochta.

Cineál comhaid	Iarmhír comhadainm
téacschomhaid	.rtf/.doc/.docx/.txt
comhaid íomhá	.jpg/.gif/.tiff/.png
comhaid fuaime	.wav/.mp3/.m4a
comhaid físe	.avi/.mov/.mp4
scarbhileoga	.xls/.xlsx
Comhaid Adobe Acrobat Reader	.pdf

Ar mhaithe le háisiúlacht, bailigh le chéile na comhaid go léir a theastóidh uait in áit inrochtana ar do ríomhaire.

### Naisc URL a chur isteach

**Tabhair faoi deara:** is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí de shaothar a thabhairt. Ní mór ábhar tacaíochta neamhspleách amhail CVanna agus litreacha tacaíochta srl. a uaslódáil mar dhoiciméid aonair le d'iarratas.

In áit d'ábhar a uaslódáil go díreach, féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar ardáin sruthaithe nach gcuireann teorainn ar rochtain trí shíntiús airgeadais. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán an tsuímh ar a bhfuil d'ábhar á óstáil) isteach i gcáipéis Microsoft Word nó OpenOffice Writer nó doiciméad PDF agus uaslódáil é mar cháipéis tacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin. Cé nach liosta iomlán é seo, is samplaí d'ardáin chomhroinnte inghlactha iad YouTube, Vimeo, SoundCloud agus Bandcamp.

Tabhair faoi deara nach nglacfaimid le naisc chuig na foinsí seo a leanas:

- Suíomhanna comhroinnte comhad – e.g. Google Drive, OneDrive
- Ardáin na meán sóisialta – e.g. Meta, Instagram
- Do shuíomh gréasáin pearsanta féin

**Tabhair faoi deara:** ní bhreathnóidh na measúnóirí ach amháin ar naisc URL a chuirfidh tú ar fáil. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh tú cinnte go n-oibríonn gach nasc sa doiciméad agus go dtugann na naisc an breathnóir chuig an bhfoinse cheart ionas go mbeidh an breathnóir in ann rochtain a fháil ar d'ábhar tacaíochta agus breathnú air.

Ná marcáil d'ábhar mar 'príobháideach' mar nach mbeidh sé ar fáil lena mheasúnú. Athraigh na socruithe ar d'fhíseán go 'neamhliostaithe' más rud é nár mhaith leat go mbeadh an pobal in ann féachaint ar ábhar tacaíochta an iarratais ar do chainéal YouTube.

### Comhaid a ainmniú go cuí

Maidir le gach comhad a bhfuil sé ar intinn agat é a uaslódáil, tabhair comhadainm air a léiríonn go soiléir cad atá ann nó cad a léirítear leis – i.e. mar shampla ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa cháipéis.

Cuir cáipéisí tacaíochta isteach i gcomhaid ar leith atá ainmnithe go cuí.

---

<b>Ainmneacha</b>	russelljack iarratas ar Thionscadal Ailtireachta.doc
<b>maithe le</b>	russelljack gearrthóg taibhithe.mp4
<b>tabhairt ar</b>	russelljack Tionscadal ailtireachta teimpléad buiséid babhta 2.xls
<b>chomhaid i gcás</b>	russelljack nasc youtube.doc
<b>iarratasóra darb ainm Jack Russell</b>	

---

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

## 2.4 Iarratas a dhéanamh ar líne

Chun d'iarratas a chur isteach ar líne, ní mór duit dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach ar deireadh é.

### 2.4.1 Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil foirm iarratais

Chun tús a chur le hiarratas nua, cliceáil ar an gcnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár cuí maoinithe a roghnú agus chun uimhir uathúil thagartha a thabhairt do d'iarratas, trína n-aithneofar é. Ag an gcéim seo, is féidir leat an fhoirm iarratais a íoslódáil freisin (mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin).

### 2.4.2 Iarr méid an mhaoinithe

Ag an gcéim seo, sonraigh an caiteachas agus an t-ioncam a bhaineann le do thogra, agus méid an mhaoinithe atá á iarraidh agat. Ba cheart gurb ionann **an Méid atá á iarraidh** agus **Caiteachas iomlán** lúide **Ioncam iomlán**. Ba cheart go mbeadh na figiúirí deiridh a iontrálann tú anseo díreach cosúil leo siúd a iontrálann tú i gcuid 3 den fhoirm iarratais agus i do bhuiséad mionsonraithe.

### 2.4.3 Uaslódáil an fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta

Lean na leideanna chun d'fhoirm iarratais chomhlánaithe a uaslódáil, CV nó CVanna, mar aon le buiséad mionsonraithe, agus aon ábhar tacaíochta riachtanach eile (féach cuid **1.8 Cén t-ábhar tacaíochta NACH MÓR duit a chur isteach le d'iarratas?**). Ní gá duit gach rud a uaslódáil ag an am céanna. Is féidir leat d'iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí.

**Tabhair faoi deara:** má tá d'fhoirm iarratais curtha i gcrích agat mar chomhad **.docx**, agus má tá tú muiníneach go bhfuil d'fhoirm iarratais comhlánaithe i gceart agat (lena n-áirítear clóscríobh laistigh de na réimsí liatha) ach go léiríonn na seirbhísí ar líne teachtaireacht a deir nach féidir an fhoirm a uaslódáil, déan iarracht í a shábháil mar chomhad **.doc** agus í a uaslódáil arís.

### 2.4.4 Seol an t-iarratas

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil gach rud atá de dhíth chun tacú le d'iarratas uaslódáilte agat agus tic curtha leis an dearbhú agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Ní féidir an t-iarratas a athrú tar éis é a chur isteach. Ná cuir an t-iarratas isteach go dtí go mbeidh tú iomlán sásta leis.

Ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost. Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d'iarratas. D'fhéadfá an dara ceann a fháil cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus d'uimhir iarratais ann, a úsáidfeá i ngach comhfhreagras a bhaineann leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara:** tá sé tábhachtach go rachfá i dteagmháil le

[onlineservices@artscouncil.ie](mailto:onlineservices@artscouncil.ie) **mura bhfaigheann tú** an dara ríomhphost deimhnithe ina mbeidh an uimhir iarratais.

## 3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

---

### 3.1 Forbhreathnú

Insítear sa chuid seo duit faoi:

- An dóigh a bpróiseálaimid d'iarratas, lena n-áirítear measúnú
- Na critéir a úsáidfimid le measúnú a dhéanamh ar d'iarratas
- Ár gcóras scórála.

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh. Is speisialtóirí iad ár measúnóirí i gcineálacha ealaíne agus réimsí cleachtais éagsúla. Má dhíríonn d'fhoirm iarratais ar níos mó ná foirm ealaíne amháin nó ar níos mó ná réimse cleachtais ealaíon amháin, déanfaidh measúnóirí iomchuí eile meastóireacht ar d'iarratas.

### 3.2 An próiseas measúnaithe

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

---

- 1 I ndiaidh d'iarratas a chur isteach, ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost:
  - Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn, agus admhófar d'iarratas leis.
  - Ba cheart go dtiocfadh an dara ceann cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Beidh d'uimhir iarratais ann, a mbainfimid úsáid aisti sa chomhfhreagras ar fad faoi d'iarratas.

Tabhair faoi deara: ní chiallaíonn na ríomhphoist seo ach go n-aithníonn an córas ar líne gur chuir tú iarratas isteach. Ní chiallaíonn siad go bhfuil d'iarratas incháilithe le haghaidh measúnú.

Mura bhfaigheann tú ríomhphost ina mbeidh d'uimhir iarratais, téigh i dteagmháil le [onlineservices@artscouncil.ie](mailto:onlineservices@artscouncil.ie)

---

- 2 Seiceáiltear inghlacthacht an iarratais. Féach ar chuid **1.9 Incháilitheacht** thuas.
  - 3 I roinnt cásanna, b'fhéidir nach é an réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air an ceann is oiriúnaí do do thogra. I gcás mar sin, déanfaimid teagmháil leat agus fiafróimid díot an bhfuil tú sásta go mbogfaimid d'iarratas chuig foireann ealaíon níos oiriúnaí. Beidh ort ansin rogha a dhéanamh d'iarratas a bhogadh nó é a fhágáil faoin réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air.
  - 4 Déanann comhairleoir(i) agus/nó an fhoireann measúnú agus scóráil ar an iarratas agus ar na hábhair ghaolmhara bunaithe ar na critéir mheasúnaithe atá leagtha amach i **gcuid 3.3** thíos.
  - 5 Beidh comh-mheasúnú agus próiseas modhnóireachta inmheánaigh ar siúl idir na foirne ábhartha ar fad.
  - 6 Molann an fhoireann ar cheart iarratas a chur ar an ngearrliosta nó nár cheart.
  - 7 Leanann iarratais a chuirtear ar ghearrliosta ar aghaidh chuig an bpainéal.
  - 8 Déanann an painéal piaraí athbhreithniú ar na hiarratais go léir ar an ngearrliosta agus
-



---

ar an ábhar gaolmhar, ansin tugann sé na scóir dheiridh agus déantar na cinntí deiridh.

---

9 Cuirtear na cinntí in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn.

---

10 Déanann an Chomhairle nóta de na cinntí.

---

### Achar ama

Tá súil ag an gComhairle Ealaíon cinntí maidir leis an scéim seo a chur in iúl i mí Mheán Fómhair 2024.

### 3.3 Critéir – gach foirm ealaíne agus gach cleachtas ealaíon

Déantar gach iarratas incháilithe a mheas de réir critéar, agus tá cur síos ar gach ceann acu thíos.

Déantar iarratais a mheas i gcomhthéacs iomaíoch agus cuirtear na hacmhainní airgeadais atá ar fáil á mbreithniú.

Féach ar chuid **1.8 Cén t-ábhar tacaíochta NACH MÓR duit a uaslódáil le d'iarratas?** agus na nótaí maidir leis an fhoirm ealaíne/cleachtas ealaíon san aguisín leis na *Treoirlínte d'iarratasóirí* seo.

#### • Fiúntas ealaíne

Anseo, déanaimid measúnú ar a fheabhas a chuireann an togra príomhthosaíocht na Comhairle Ealaíon, mar atá, sármhaitheas ealaíne, i gcrích. Féach an t-aguisín leis na *Treoirlínte d'iarratasóirí* le haghaidh tuilleadh treorach.

Déanfaimid measúnú ar an méid seo a leanas:

- Caighdeán ealaíonta na gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe
- Aon ghlacadh leis an ngníomhaíocht atá beartaithe roimhe seo (más ábhartha)
- Cuntas teiste agus inniúlacht an iarratasóra agus na bpríomhphearsanra ealaíonta a bhfuil baint acu leis an togra
- Acmhainneacht ealaíonta an togra
- Léiriú ar an uaimhian ealaíonta, an nuálaíocht agus an sármhaitheas.
- An bhaint atá ag an togra leis an bhfoirm ealaíne agus/nó le comhthéacs(anna) ina mbeartaítear an ghníomhaíocht.

#### • Rannpháirtíocht an phobail

Anseo, déanaimid measúnú ar a fheabhas a chuireann an togra príomhthosaíocht na Comhairle Ealaíon i gcrích, mar atá, rannpháirtíocht an phobail.

Is iad na príomhchuspóirí atá leis an Scéim Camchuartha Saothair ná rannpháirtíocht an phobail a mhéadú agus a fheabhsú. Tá sé deartha go sonrath chun tacú le tograí a leathnaíonn agus a fheabhsaíonn rochtain ar eispéireas ealaíon ardchaighdeáin ar fud na hÉireann. Déanfaimid measúnú ar an gcaoi a dtaispeántar barr feabhais, uaimhian agus nuálaíocht i do phróiseas agus cur chuige maidir le forbairt an lucht féachana/éisteachta; féach le do thoil **Sainmhínte ar mhaithe leis an dámhachtain** thuas.

Déanfaimid measúnú ar an méid a léiríonn an t-iarratas:

- Tuiscint ar lucht féachana/éisteachta agus/nó rannpháirtithe beartaithe

## An Scéim Camchuarite Saothair Treoirínite d'Iarratasóirí

- Go mbeidh an líon lucht féachana/éisteachta agus/nó rannpháirtíochta barrfheabhsaithe
- Go mbeidh an freastal ar lucht féachana/éisteachta agus/nó an lucht rannpháirtíochta barrfheabhsaithe
- Conas is féidir teagmháil leis an lucht spéise beartaithe a dhóimhniú
- Conas is féidir éagsúlú ar an lucht féachana/éisteachta atá beartaithe a bhaint amach
- Inniúlacht agus taithí maidir le spriocanna réalaiócha, ach uailmhianacha a shocrú, le tacaíocht ó straitéis shoiléir maidir le rannpháirtíocht phoiblí agus/nó caidrimh phoiblí agus/nó plan margaíochta
- An méid a léiríonn an t-iarratas nuálaíocht agus inniúlacht sa mhéid thuas
- An bhaint atá ag an togra leis an bhfoirm ealaíne agus/nó le comhthéacs(anna) ina mbeartaítear an ghníomhaíocht.

- **Cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha**

Trí thacaíocht a thabhairt don Scéim Camchuarite Saothair, tá sé mar aidhm ag an gComhairle Ealaíon ár bpríomhthosaíochtaí maidir le rannpháirtíocht an ealaíontóra agus an phobail a bhaint amach, ach tá sí ag díriú freisin ar a thuilleadh cuspóirí straitéiseacha de chuid na Comhairle Ealaíon. Áirítear orthu sin forbairt agus neartú chumas earnáil na n-ealaíon agus bhonneagar na n-ealaíon, ár spriocanna beartais spásúlachta agus déimeagrafacha a bhaint amach, mar atá leagtha amach inár [Beartas Spásúil na Comhairle Ealaíon](#), agus ár bpríomhluachanna eagraíochtúla um chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú, mar atá leagtha amach i [mBeartas CÉI](#).

Agus an scéim seo á tairiscint aici, tabharfaidh an Chomhairle Ealaíon tús áite do na nithe seo a leanas:

- Camchuariteanna atá ar ardchaighdeán ó thaobh na healaíne de
- Camchuariteanna a léiríonn fócas soiléir ar rannpháirtíocht an phobail a uasmhéadú agus a leathnú go háitiúil agus go náisiúnta
- Camchuariteanna a sholáthraíonn saothar do lucht féachana/éisteachta nua nó do lucht féachana/éisteachta a bhfuil sé deacair rochtain a bheith acu ar na healaíona
- Camchuariteanna a bhfuil baint ar leith acu le lucht féachana/éisteachta scoile
- Camchuariteanna a léiríonn conas a mhéadóidh an tacaíocht an infheistíocht i saothar ar éirigh leis i measc lucht féachana/éisteachta i leaganacha roimhe seo
- Raon geografach leathan de chamchuariteanna
- Réimse leathan seánraí/cleachtas
- Camchuariteanna ar scálaí éagsúla
- Camchuariteanna a thaispeánann conas atá líonra d'ionaid tionóil agus/nó comhpháirtithe agus comhoibrithe eile á chruthú nó á úsáid acu. D'fhéadfaí go gcuimseoidís seo ealaíontóirí eile, léiritheoirí, poiblitheoirí, eagraíochtaí ealaíne, féilte, údarais áitiúla, maoinitheoirí, srl. Ba cheart go gcuirfeadh do chomhpháirtithe agus do chomhoibrithe le rath do chamchuarite ó thaobh ealaíne, lucht féachana/éisteachta agus geografai/spáis de.

- **Indéantacht**

Breithnítear sa mheasúnú ar indéantacht an méid a léiríonn an t-iarratas an cumas an ghníomhaíocht atá beartaithe a chur i gcrích leis an saineolas riaracháin agus teicniúil atá ag

teastáil chun na caighdeáin is airde maidir le bainistiú agus seachadadh táirgeachta a bhaint amach. Déanfaimid é seo a mheas bunaithe ar an eolas a sholáthraíonn tú ar fud d'fhoirme iarratais agus sa cháipéisíocht thacaíochta éigeantach.

Áirítear air sin breathnú ar na nithe seo a leanas:

- Cuntas teiste agus inniúlacht arna léiriú ag pearsanra agus/nó ag eagraíochtaí a bhfuil baint acu leis an togra a tháirgeadh, a bhainistiú, a riar agus a chur ar siúl
- An tsoiléireacht de chomhaontú ról idir iad siúd a bhfuil baint acu leis an togra (déantóirí, léiritheoirí, ionaid ealaíon, srl.) maidir le dul i ngleic le riosca ealaíonta agus rannpháirteachas leis an bpobal.
- A mhéid a léiríonn an t-iarratas comhoibriú agus tuiscint ar dhul i riosca roinnte
- An caighdeán nó na tacaíochtaí agus/nó méid na rannpháirtíochta nó an tiomantais ó chomhpháirtithe tionscadail aitheanta
- An chaoi a sásaíonn an buiséad atá beartaithe éilimh na camchuarite (i ndáil le táillí, margaíocht, riarachán, lóistíocht, cúrsaí teicniúla)
- Caighdeán agus méid foinsí eile ioncaim agus/nó tacaíochtaí comhchineáil
- An clár ama nó an sceideal atá beartaithe.

### 3.4 Próiseas cómheasúnaithe agus gearrliostaithe

Bainfear úsáid as próiseas cómheasúnaithe thar na foirne ábhartha chun tacú leis an bpróiseas gearrliostaithe. Bainfidh measúnóirí/foireann na Comhairle Ealaíon úsáid as a saineolas gairmiúil agus a mbreithiúnas ealaíon chun iarratais a mheas agus a scóráil (féach nóta maidir le Próiseas Scórála Inmheánach) de réir gach ceann de na critéir. Beidh an measúnú bunaithe air seo a leanas:

- An fhaisnéis a thugann tú san fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta
- A gcuid eolais ar do chuid saothair roimhe seo
- A gcuid eolais ar réimse na n-ealaíon go ginearálta
- Comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtas ealaíon ina bhfuil tú ag feidhmiú
- An comhthéacs iomaíoch don dámhachtain.

### 3.5 Próiseas scórála inmheánach

Tá sé beartaithe le córas scórála na Comhairle Ealaíon i gcomhair na Scéime Camchuarite Saothair soiléireacht a chur ar fáil d'iarratasóirí maidir leis an gcaoi a ndéantar a n-iarratas a mheas i gcoinne na gcritéir measúnaithe. Tugann na scóir léiriú ar a mhéid a cheaptar gur chomhlíon na hiarratais gach critéir.

Baineann measúnóirí leas as córas scórála idir 0–6, inarb eisceachtúil é an scór 6. Féadfaidh siad scór a bhronnadh don 0.5 is gaire (leathphointe).

Déanaimid tuairisc ar na scóir agus ar a bhfuil i gceist leo thíos:

Scór uimhriúil	Luach focal	Míniú
6	Go hlontach	Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go cuimsitheach agus go sármhaith san iarratas. Níl easnaimh ar bith in aon chor ann. Coimeádtar an scór seo le haghaidh na ngnéithe is fearr ar fad de na hiarratais agus úsáidfeair é go fóirspárlach.
5.5		Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go cuimsitheach agus go sármhaith san iarratas. Níl easnaimh ar bith in aon chor ann. Coimeádtar an scór seo le haghaidh na ngnéithe is fearr ar fad de na hiarratais agus úsáidfeair é go fóirspárlach.
5	Sármhaith	Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go sochreidte agus go rathúil san iarratas. Soláthraítear an fhaisnéis agus an fhianaise ar fad a theastaíonn agus níl buarthaí ná réimse laige ar bith ann.
4.5		Ag barr "Go hAn-Mhaith".
4	Go hAn-Mhaith	Pléitear an critéar go han-mhaith san iarratas. Tugtar faisnéis shoiléir faoin bhfianaise a theastaíonn ann. Níl mórán tábhachta le buarthaí nó le réimsí laige
3.5		Ag barr 'Go Maith'.
3	Go maith	Pléitear an critéar go maith san iarratas, cé go bhféadfaí roinnt feabhsuithe a dhéanamh. Tugtar faisnéis ann ar gach gné den fhianaise a theastaíonn beagnach, cé go bhfuil roinnt bearnaí ann.
2.5		Idir "Maith go Leor" agus "Go Maith"
2	Maith go leor	Déantar plé leathan ar an gcritéar san iarratas, ach tá laigí ann. Tugtar faisnéis ábhartha ann, ach tá roinnt réimsí ann ina bhfuil sonraí in easnamh nó ina bhfuil an fhaisnéis doiléir.
1.5		Ag bun 'Maith go leor'.
1	Go dona	Tá beagán fianaise nó faisnéis ábhartha san iarratas i gcomhthéacs an chritéir agus níl sé fórláidir nó áititheach i gcomhthéacs maoiniú iomaíoch.
0	Easnamhach h	Ní pléitear an critéar san iarratas nó ní féidir breithiúnas a thabhairt air mar gheall ar fhaisnéis ar iarraidh nó atá neamhiomlán.

Ciallóidh scór 1.5 nó faoina bhun i gcoinne critéar ar bith nach mbreithneofar iarratas dá mhaoiniú. Ciallaíonn sé seo, cé go bhféadfadh iarratas scór foriomlán atá níos airde ná scór iarratais eile a bhaint amach, ní mhaoineofar é má bhronntar scór de 1.5 nó níos lú ar aon chritéar amháin.

Tar éis an phróiseas scórála, déanfaidh na foirne ábhartha freastail ar chruinniú gearrliostaithe agus measarthachta ina ndruchtófar gearrliosta (bunaithe ar na scóir).

### 3.6 Painéil phiaráí

Is é cuspóir chruinnithe an phainéil piaraí ná éagsúlacht tuairimí saineolacha a cheadú chun faisnéis a chur ar fáil don phróiseas cinnteoireachta. Bíonn ar a laghad triúr breithneoirí seachtracha ar phiarphainéal a mbíonn an fhoirm ealaíne ábhartha acu agus/nó a mbíonn saineolas acu ar chleachtas ealaíon.

Bíonn comhalta de chuid na Comhairle Ealaíon i gceannas ar gach cruinniú de ghnáth agus gníomhaíonn an comhalta sin mar chathaoirleach gan ceart vótála. Freastalaíonn comhairleoirí agus foireann na Comhairle Ealaíon ar na cruinnithe de réir mar is gá, agus bíonn na daoine a raibh baint acu le measúnú tosaigh na n-iarratas ar fáil chun faisnéis a sholáthar, de réir mar is gá. Beidh rochtain ag lucht an phainéil ar gach iarratas ar an ngearrliosta agus ar an ábhar gaolmhar go léir lá roimh an gcruinniú, tráth a ndéanann siad na hiarratais ar an ngearrliosta a athbhreithniú, a phlé agus a scóráil. Ina dhiaidh sin, déantar iarratais a rangú de réir scóir. Mar thoradh ar an gcomhthéacs iomaíoch agus ar an mbuiséad ar fáil, is dóigh nach mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann a mhaoiniú ach líon beag de na hiarratais a gheofar.

#### Próiseas Scórála

Iarrtar ar an bpainéal na hiarratais a scóráil de réir an chórais seo a leanas:

**A – Caithfear a Mhaoiniú (10 bpointe):** dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir go léir san iarratas le haghaidh na dámhachtana agus go bhfuil maoiniú tuillte aige ar an mbonn sin, an méid atá á iarraidh más féidir.

**B – Ba Chóir a Mhaoiniú (8 bpointe):** dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige má tá acmhainní ar fáil.

**C – D'fhéadfaí a Mhaoiniú (5 phointe):** dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir san iarratas, ach ní an oiread sin leis na hiarratais eile ó thaobh iomaíochta de.

**D – Ní Tosaíocht É (2 phointe):** dar leis an gcomhalta painéil nár comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige.

#### Dearbhú leasa

D'fhonn cothroime agus cothromas sa chinnteoireacht a chinntiú, ní mór do chomhaltaí painéil leas a dhearbhu má tá dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu le hiarratasóir nó má tá baint acu ar shlí ar bith leis an iarratas. Féadann 'leas' a bheith ina 'leas airgid' (e.g. caidreamh ina bhfuil airgead nó íocaíocht bainteach) nó ina 'leas neamhairgid' (e.g. gaol muintire, comhpháirtíochtaí pearsanta, nó comhpháirtíochtaí gnó idir fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil, etc.).

Ní mór an leas a dhearbhu a luaithe agus is eol don chomhalta painéil é a bheith ann.

D'fhéadfadh sé sin tarlú ag an bpointe nuair a iarrtar air/uirthi suí ar an bpainéal (más eol an 'leas' ag an bpointe sin) nó tar éis liosta na n-iarratasóirí a fháil. I gcás go ndearbhaítear leas, ní bhfaighidh an comhalta painéil sin páipéir a bhaineann leis an iarratas sin agus beidh air nó uirthi an seomra a fhágáil nuair a bhíonn an t-iarratas ar leith á athbhreithniú. Nuair a thagann an cás sin aníos, vótálfaidh an cathaoirleach in ionad an chomhalta painéil.

#### Dearbhú leasa

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé nach n-aithneodh comhalta painéil go bhfuil coinbhleacht leasa ann go dtí go bhfaigheann agus go ndéanann sé/sí athbhreithniú ar na páipéir phainéil. I

gcásanna den sórt sin ní mór don chomhalta painéil ball foirne den Chomhairle Ealaíon nó Cathaoirleach an phainéil a chur ar an eolas chomh luath agus a thuigeann siad go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist.

Sa chás go gcuireann beirt ón bpainéal in iúl go bhfuil coinbhleacht leasa acu i leith aon iarratais amháin, beidh an cathaoirleach páirteach mar chuid den phróiseas cinnteoireachta i gcás an iarratais shonraigh sin.

Má tá coinbhleacht leasa ag Cathaoirleach ainmnithe an phainéil, ní mór dóibh é sin a dhearbhu a luaithe agus is eol dóibh go bhfuil a leithéid ann agus an fógra sin a thabhairt i scríbhinn roimh an gcruinniú. Sa chás sin, beidh an Ceann Foirne mar chathaoirleach ar an bplé a dhéanfar maidir leis an iarratas a bhfuil coinbhleacht leasa i gceist leis.

### 3.7 Toradh na n-iarratas

Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas trí ríomhphost maidir le toradh a n-iarratas.

Má éiríonn le d'iarratas, cuirfear litir thairisceana chugat trí ríomhphost ina sonrúfar méid an mhaoinithe a dhámhfar ort agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Inseofar duit freisin conas do dhámhachtain a tharraingt anuas.

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas, agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Níl aon ghealltanas ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin.

Féadfaidh tú aiseolas measúnaithe a iarraidh ar fhoireann na Comhairle Ealaíon, is cuma cén chaoi ar éirigh le d'iarratas.

Níl iarratasóirí nach n-éireoidh leo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon le tabhairt faoin ngníomhaíocht chéanna. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile is féidir eisceacht a dhéanamh. I gcás dá leithéid, cuirfear é sin in iúl duit i scríbhinn.

#### Achomhairc

Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Ealaíon, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach iad nó nár cloíodh leo. Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an bpróiseas achomharc ar

<http://www.artscouncil.ie/ga/Maoiniu/Achomhairc/> nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip den bhileog faisnéise faoin bpróiseas achomharc.

## Aguisín 1

### Tosaíochtaí foirmeacha ealaíne aonair agus cleachtais ealaíon

Bíonn treoir agus tosaíochtaí sonracha maidir le foirm ealaíne agus cleachtas ealaíon i bhfeidhm chomh maith le cuspóirí agus tosaíochtaí ginearálta na scéime (mar atá leagtha amach i roinn 1.2 agus i roinn 3.3). Tairgtear iad seo chun treoir bhreise a thabhairt duit agus ní chuirfear iad in ionad na gcritéar incháilitheachta agus an ábhair thacaíochta éigeantaigh a theastaíonn, mar atá sonraithe thuas.

#### Ailtireacht

In **Ailtireacht**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Iarratais ina léirítear uailmhian maidir le taispeántais ailtireachta idirnáisiúnta nó náisiúnta a chur ar bun nach mbeadh le feiceáil ag lucht féachana na hÉireann murach iad
- Iarratais ar chomhoibrithe nuálacha agus cruthaitheacha iad ina léirítear coincheap coimeádaíochta soiléir don ailtireacht – d'fhéadfadh eagraíochtaí speisialtóireachta ailtireachta, ionaid ealaíon nó féilte ildisciplíneacha, ailtirí aonair nó cleachtais ailtireachta a bheith i measc lucht an chomhoibrithe
- Iarratais lena gcumasaítear comhroinnt scileanna coimeádaíochta agus saineolas idirghabhála – d'fhéadfadh clár meantóireachta/scáthfhoghlama idir comhoibrithe a bheith i gceist anseo
- Léiriú soiléir a thabhairt ar conas a rachaidh an taispeántas i bhfeidhm ar lucht féachana/éisteachta, conas a dhéanfaidh siad idirghabháil ina leith agus conas a dhéanfaidh siad cumarsáid leo
- Iarratais ina dtaispeántar fianaise maidir le saineolas teicniúil lena gcinntítear go mbeidh na caighdeáin is airde i bhfeidhm maidir le suiteáil agus cur i láthair.

---

<b>Tabhair faoi deara:</b>	Ní mór d'iarratasóirí ar Chamchuartheanna Ailtireachta a shainmhíniú
<b>Camchuartheanna</b>	ina straitéis maidir le rannpháirtíocht an phobail conas atá sé
<b>Ailtireachta</b>	beartaithe acu ailtireacht a chur in iúl don lucht féachana/éisteachta agus conas a dhéanfaidh siad idirghabháil ina leith.

---

#### Rannpháirtíocht sna hEalaíona

Spreagtar eagraíochtaí agus daoine aonair a bhfuil dea-theist orthu ó thaobh rannpháirtíocht sna healaíona de, atá tiomanta don rannpháirtíocht nó a dhíríonn ar an rannpháirtíocht, iarratas a dhéanamh faoin scéim seo.

Ba cheart d'iarratasóirí dá leithéid **Rannpháirtíocht sna hEalaíona** agus a bpríomhfhoirm ealaíne araon a roghnú i gcuid 1.5 den fhoirm iarratais. Déanfar measúnú ar iarratais le fócas ar rannpháirtíocht sna healaíona i ndiaidh ár bpróisis chómheasúnaithe, atá faoi stiúir bheartais agus thosaíochtaí foirne Rannpháirtíocht na nEalaíon agus na príomhfhoirne ealaíne araon.

I **Rannpháirtíocht sna hEalaíona**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Obair uailmhianach ealaíonta ar ardchaighdeán a mholadh a d'fhorbair ealaíontóir(í) gairmiúil a oibríonn i gcomhar le daoine aonair nó grúpaí (daoine nach gairmithe ealaíne iad)

Próisis ardchaighdeán a léiriú go soiléir le haghaidh rannpháirtíochta agus comhoibriú ealaíne.

### Sorcas

I **Sorcas**, tabharfaimid tús áite d'iarratais mar seo a leanas:

- Iarratais trína leathnaítear an tréimhse camchuarite i gcás léiriúchán a raibh mór-éileamh orthu ón lucht féachana nuair a cuireadh ar bun iad roimhe seo
- Iarratais ina bhfuil tograí chun dul i dteagmháil le luchtanna féachana don obair sorcais, agus chun na luchtanna féachana sin a fhorbairt, in ionaid ealaíon agus in amharclanna
- Iarratais a léiríonn cur chuige comhpháirtíochta le féilte náisiúnta agus/nó ionaid ealaíon d'fhonn infheictheacht phoiblí na hoibre agus leibhéil rannpháirtíochta lucht féachana a uasmhéadú.

### Damhsa

I n**Damhsa**, tabharfaimid tús áite d'iarratais mar seo a leanas:

- Iarratais ina bhfuil léirithe a raibh mór-éileamh orthu ón lucht féachana nuair a cuireadh ar stáitse iad roimhe seo; ní thabharfar tús áite do léiriúcháin nár cuireadh i láthair lucht féachana go fóill
- Uailmhian shuntasach a léiriú maidir le rannpháirtíocht an phobail agus forbairt lucht féachana/éisteachta (Ba cheart go mbeadh fianaise sna tograí de thacaíocht ó ionad ealaíon comhpháirtíochta trí mheabhráin tuisceana.)
- Iarratais ó léiritheoirí agus/nó ó eagraíochtaí léiriúcháin arb é is aidhm acu saothair damhsa a scaipeadh laistigh de chomhthéacs líonraí nó cuibhreannais foirmiúla agus/nó neamhfhoirmiúla
- Iarratais ina mbeartaítear léirithe dráma ar ardchaighdeán a thabhairt ar camchuarite le haghaidh lucht féachana ginearálta agus atá ábhartha do lucht féachana scoile freisin. Ní mór do chamchuariteanna den chineál sin tosaíochtaí damhsa agus tosaíochtaí DÓLO a leagtar amach sa cháipéis seo a chomhlíonadh ar aon.

### Scannánaíocht

I **Scannán**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Iarratais a bhfuil sé i gceist leo dul ar camchuarite chuig ionaid tionóil nó imeachtaí a bhfuil scannán mar ghné lárnach dá ngníomhaíocht agus lena soláthraítear taithí pictiúrlainne ar ardchaighdeán do lucht féachana atá bunaithe agus do lucht féachana atá á bhforbairt
- Iarratais a bhfuil sé i gceist leo cláir scannán choimeádaithe a thabhairt ar camchuarite, cláir nach mbeadh ar fáil don lucht féachana ag ionaid tionóil óstacha nó ag na himeachtaí murach iad



- Tuiscint ar rannpháirtíocht an phobail a léiriú – e.g. comhthéacsú saothar scannáin trí rannpháirtíocht scannánóirí, díospóireachtaí iarscáileáin a óstáil, Ceisteanna & Freagraí, srl.

### Litríocht

I **Litríocht**, tabharfaimid tús áite d'iarraitais:

- Iarratais ina sceidealaítear ócáidí litríochta comhaimseartha ar chlár ar bhealaí úra uaillmhianacha samhailteacha
- Díriú ar lucht léitheoireachta a fhorbairt don litríocht chomhaimseartha
- Tuiscint láidir a léiriú ar rannpháirtíocht an phobail agus a spriocghrúpa, agus straitéisí a chur i láthair maidir le conas a thógfaidh siad a lucht féachana
- Iarratais ina mbaintear leas as na deiseanna a thugann na meáin nua
- Iarratais ina n-oibrítear i gcomhpháirt le heagraíochtaí bunaithe litríochta, le foilsitheoirí, le hionaid ealaíon ildisciplíneacha, le féilte agus le líonraí bunaithe.

### Ceol

I g**Ceol**, tabharfaimid tús áite d'iarraitais mar seo a leanas:

- Atá sármaith ar bhonn ealaíonta ó thaobh ábhair agus taibhithe de
- Tuiscint ar rannpháirtíocht an phobail a léiriú chun rún soiléir agus pleananna sonracha a chur san áireamh chun rochtain, rannpháirtíocht agus tionchar an lucht féachana/éisteachta a uasmhéadú. Chomh maith le lucht féachana beo, féadfar a áireamh leis sin conas a rachfar i gcion ar an lucht féachana trí chraoladh, cainéil ar líne agus cainéil eile lucht féachana.
- Dreasacht shoiléir agus 'leas' a thaispeáint ar thaobh comhpháirtí/tionscnóirí/ionaid áitiúla chun a chinntiú go mbeidh an lucht féachana/éisteachta agus rannpháirtíochta áitiúil is mó is féidir ann
- Rún soiléir agus plean a bhfuil an-seans aige a thaispeáint chun lucht féachana nua agus comhphobail nua a mhealladh i dteannta leis an lucht freastail rialta
- Pleananna a thaispeáint a bhfuil an-seans acu dul i ngleic le daoine óga, agus le taibhealaítoirí agus mic léinn cruthaitheacha agus amaitéaracha sna pobail áitiúla, agus aon deis eile luach a chur le saol ceoil agus pobail na háite
- A chuireann raon leathan de sheánraí agus cleachtas ceoil ar fáil do lucht féachana
- A chuimsíonn ceol stairiúil na hÉireann agus/nó ceol nua na hÉireann
- An leas is fearr a bhaint as na sochair ealaíne, comhshaoil, margaíochta agus éifeachtúlacht costais na camchuirte trí bheith docht ó thaobh sceidil de. I gcuid mhaith cásanna, ba cheart scaipeadh camchuirte ocht lá fichead a mheas mar an **t-uasmhéid**, le réasúnaíocht agus cosaint shoiléir tugtha maidir le haon togra a théann thairis sin
- D'fhéadfadh iarratasóirí ceoil iarratas a chur isteach lena mbeartaítear saothar nua eisceachtúil a bhfuil fócas ar mhúnlaí camchuirte iontu agus, sna cásanna sin, is féidir go gclúdfar costais forbartha agus táillí faoin scéim.

---

#### **Tabhair faoi deara:** **Camchuirteanna** **Ceoil agus**

**Ní mór** d'iarratasóirí ar Chamchuirteanna Ceoil agus Ceoldráma comhaid fuaime nó comhaid closamhairc de shaothar roimhe seo a chur isteach. De rogha air sin, is féidir leat nasc a sholáthar chuig ábhar arna óstáil ar YouTube ([www.youtube.com](http://www.youtube.com)) nó ar shuímh

---

---

## Ceoldráma

ghríasáin eile ar féidir comhaid a chomhroinnt orthu (e.g. Vimeo, SoundCloud) seachas an t-ábhar a uaslódáil go díreach. (féach rannán 2.3 ar formáidí comhaid). Níor chóir iad seo a óstáil ar do shuíomh ghríasáin féin nó ar shuíomh ghríasáin de chuid páirtithe eile.

---

## Ceoldrámaíocht

**Tabhair faoi deara:** ba cheart iarratais ar shaothar nua/ar léiriúcháin nua a bhfuil camchuariteanna ag gabháil leo freisin a dhéanamh chuig an Dámhachtain do Thionscadail agus Léiriú Ceoldrámaíochta.

I g**Ceoldrámaíocht**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Ina bhfuil moladh le léiriúcháin a chur ar bun arís agus a thabhairt ar camchuarite a léiríodh go rathúil cheana ó thaobh ábhair agus léirithe de agus ar léiríodh go bhfuil siad sármhaith ó thaobh na healaíne de. Ní bhreithneofar don dámhachtain seo tograí le saothar/léiriúchán nua neamh-thástáilte a thabhairt ar camchuarite, agus sa chás sin ba cheart iarratas a dhéanamh ar an Dámhachtain do Thionscadail agus Léiriú Ceoldrámaíochta.
- Rannpháirtíocht shuntasach ealaíontóirí ceoldráma Éireannacha a chur ar fáil
- Cur le léiriúcháin ghairmiúla eile ceoldráma in Éirinn chun éagsúlacht mhaith náisiúnta agus cothromaíocht i stór ceoldrámaíochta a sholáthar
- Soláthar rialta ceoldrámaíochta a threisiú i bpríomhionaid réigiúnacha
- Sroich suímh eile agus téigh i dteagmháil go réamhghníomhach le lucht féachana/éisteachta agus le pobail nach mbíonn teagmháil acu leis an bhfoirm ealaíne de ghnáth
- Tuiscint ar rannpháirtíocht an phobail a léiriú chun rún soiléir agus pleananna sonracha a chur san áireamh chun rochtain, rannpháirtíocht agus tionchar an lucht féachana/éisteachta a uasmhéadú. Chomh maith le lucht féachana beo, féadfar a áireamh leis sin conas a rachfar i gcion ar an lucht féachana trí chraoladh, cainéil ar líne agus cainéil eile lucht féachana.
- Dreacht shoiléir agus 'leas' a thaispeáint ar thaobh comhpháirtí/tionscnóirí/ionaid áitiúla chun a chinntiú go mbeidh an lucht féachana/éisteachta agus rannpháirtíocht áitiúil is mó ann
- De réir roinn 1.6 thuas, ní mór d'iarratasóirí ar Chamchuariteanna Ceoldráma an **Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuarite Cheoldráma** a chomhlánú agus a chur isteach. Measfar iarratais a chuirfear isteach gan Teimpléad Buiséid comhlánaithe le haghaidh Camchuarite Cheoldráma agus/nó gan straitéis mhionsonraithe rannpháirteachas leis an bpobal agus plean comhfhreagrach margaíochta a bheith neamh-incháilithe.

## Na hEalaíona Sráide agus Seónna

Sna hEalaíona Sráide agus Seónna, tabharfaimid tús áite d'iarratais mar seo a leanas:

- Iarratais trína leathnaítear an tréimhse camchuarite i gcás comhléiriúcháin trasdisciplíneach a raibh mór-éileamh orthu ón lucht féachana nuair a cuireadh ar bun iad roimhe seo.

- Iarratais ina léirítear tiomantas le rannpháirtíocht an phobail maidir le Sráidealaíona agus Seónna a thabhairt chuig lucht féachana/éisteachta éagsúil agus pobail nua
- Iarratais trína gcuirtear ar chumas compántas a bheith ag obair i gcomhar le féilte náisiúnta chun aird a tharraingt ar na foirmeacha ealaíne sin trí léiriúcháin ardchaighdeán a chur ar siúl ar bhonn neamhspleách nó laistigh de chlár níos leithne.

### Amharclannaíocht

In **Amharclannaíocht**, tabharfaimid tús áite d'iarratais mar seo a leanas:

- Iarratais ina ndéantar iarracht amharclannaíocht ar ardchaighdeán a chur i láthair do lucht féachana chomh leathan agus is féidir.
- Iarratais ina mbeartaítear léirithe a chur ar bun arís agus a thabhairt ar camchuart a léiríodh go rathúil cheana i dtéarmaí freagra criticiúil agus ón lucht féachana **Faoi mar a shonraítear i gcuid 1.4 thuas:** i gcúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh compántais nó eagraíochtaí ag a bhfuil cuntas teiste *suntasach* dul ar camchuartheanna le léiriúcháin nár léiríodh go fóill. Cé nach bhfuil na chéad chostais léiriúcháin incháilithe i gcomhair tacaíochta faoin scéim seo, teastaíonn sonraí airgeadais laistigh den teimpléad buiséid a sholáthar, ag léiriú conas a íocfar na chéad chostais léiriúcháin. **Iarrtar ar eagraíochtaí den chineál sin soiléiriú a lorg ón bhFoireann Amharclannaíochta ag an gComhairle Ealaíon sula ndéanfaidh siad iarratas.**
- Uaillmhian shuntasach a léiriú maidir le rannpháirtíocht an phobail agus/nó freastal ar/fás an lucht féachana/éisteachta. Ba cheart go mbeadh fianaise sna tograí de thacaíocht agus comhoibriú ó ionad ealaíon comhpháirtíochta, agus tabharfaimid tús áite do chamchuartheanna a fhéachann lena oiread taibhithe agus is féidir a chur i láthair dá oiread daoine agus is féidir i rith na camchuarthe.
- Iarratais ina mbeartaítear léirithe dráma ar ardchaighdeán a thabhairt ar camchuart le haghaidh lucht féachana ginearálta agus atá ábhartha do lucht féachana scoile freisin (amhail drámaí atá san áireamh sa churaclam). Ní mór do chamchuartheanna den chineál sin tosaíochtaí amharclannaíochta agus tosaíochtaí DÓLO a leagtar amach thíos a chomhlíonadh araon.
- De réir alt 1.6 thuas, ní mór d'iarratasóirí ar Chamchuartheanna Amharclannaíochta an dá tháb den **Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuart Téatair**, lena n-áirítear achoimre ar chomhaontuithe maidir leis an ionad ealaíon
- Measfar go mbeidh iarratais a chuirfeadh isteach gan Teimpléad Buiséid comhlánaithe le haghaidh Camchuart Amharclannaíochta, agus/nó gan plean lucht féachana agus margaíochta, neamh-incháilithe. Beidh ar iarratasóirí rathúla meabhráin tuisceana shínithe a chur ar fáil sula mbeifear in ann maoiniú a tharraingt anuas.

### Na hEalaíona Traidisiúnta

Sna **hEalaíona Traidisiúnta**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Iarratais ina léirítear tiomantas le rannpháirtíocht an phobail maidir leis na healaíona traidisiúnta a thabhairt chuig lucht féachana/éisteachta agus pobail nua
- Iarratais a bhfuil sé i gceist leo dul i mbun próisis chruthaitheacha chomhoibritheacha

- Iarratais ina léirítear comhordú idir ionaid tionóil agus ionaid ealaíon (lena n-áirítear ionaid atá á maoiniú ag an gComhairle Ealaíon agus ionaid nach bhfuil)
- Iarratais a bhfuil sé i gceist leo saothar atá nuálach agus neamhghnách a thabhairt ar camchuart
- Iarratais ina moltar plean soiléir indéanta chun lucht féachana/éisteachta a mhealladh i gcomhpháirt le hionaid tionóil bheartaithe
- Iarratais ina mbeartaítear saothar arna chruthú do leanaí agus do dhaoine óga a thabhairt ar camchuart
- Iarratais ina mbeartaítear gníomhaíocht ina gcuirtear forbairt na hamhránaíochta traidisiúnta in Éirinn chun cinn a thabhairt ar camchuart
- Iarratais ina mbeartaítear gníomhaíocht ina gcuirtear forbairt an damhsa ghaelaigh in Éirinn chun cinn a thabhairt ar camchuart
- D'fhéadfadh iarratasóirí na nEalaíon Traidisiúnta iarratas a chur isteach lena mbeartaítear saothar nua eisceachtúil a bhfuil fócas ar mhúnlaí camchuarite iontu, agus sna cásanna sin, is féidir go gclúdófar costais forbartha agus táillí faoin scéim.

---

**Tabhair faoi deara:**

**Camchuariteanna sna hEalaíona Traidisiúnta**

- Ní mór d'iarratasóirí ar Chamchuariteanna sna hEalaíona Traidisiúnta comhaid fuaimne agus/nó físe de shaothar roimhe seo a sholáthar.
  - Ní mór d'iarratasóirí a ghabhann de ghníomhaíochtaí cruthaitheacha comhoibritheacha samplaí de shaothar atá idir lámha a sholáthar.
- 

**Na hAmharc-ealaíona**

Sna h**Amharc-ealaíona**, tabharfaimid tús áite do:

- Iarratais ina léirítear coincheap coimeádaíochta agus fócas lucht féachana soiléir
- Iarratais ina léirítear tuiscint ar rannpháirtíocht an phobail agus ina dtugtar eolas ar an gcaoi a ndéanfar an chamchuart a idirghabháil le lucht féachana/éisteachta
- Iarratais ina léirítear uailmhian maidir le taispeántais ardchaighdeáin idirnáisiúnta nó náisiúnta a chur ar bun nach mbeadh le feiceáil ag lucht féachana na hÉireann murach sin
- Iarratais ina dtaispeántar saineolas teicniúil lena gcinntítear go mbeidh na caighdeáin is airde i bhfeidhm maidir le suiteáil agus cur i láthair
- Iarratais ina moltar comhoibrithe nuálacha agus cruthaitheacha; d'fhéadfadh eagraíochtaí speisialtóireachta amharc-ealaíon, ionaid ealaíon ildisciplíneacha nó féilte, amharcealaíontóirí aonair, comharghrúpaí ealaíontóirí nó dánlanna príobháideacha a bheith i measc na gcomhoibrithe.
- Iarratais lena gcumasaítear comhroinnt scileanna coimeádaíochta agus saineolas idirghabhála; d'fhéadfadh clár meantóireachta/scáthfhoghlama idir comhoibrithe a bheith i gceist anseo
- D'fhéadfadh iarratasóirí na nAmharc-ealaíon iarratas a chur isteach lena mbeartófaí coimisiúin agus/nó léiriúcháin úra eisceachtúla sna hamharc-ealaíona comhaimseartha agus fócas ar mhúnlaí camchuarite iontu, agus sna cásanna sin, is féidir go gclúdófar costais forbartha agus táillí faoin scéim.

### Daoine Óga, Leanáí agus Oideachas (DÓLO)

Spreagtar eagraíochtaí agus daoine aonair a bhfuil tiomantas léirithe ar leith acu do rannpháirtíocht leanáí agus daoine óga sna healaíona iarratas a dhéanamh faoin scéim seo. Ba cheart d'iarratasóirí den chineál sin an DÓLO agus a bhfoirm ealaíne/a bpríomhchleachtas ealaíon a roghnú **i gcuid 1.5** den fhoirm iarratais araon. Déanfar measúnú ar iarratais le fócas ar DÓLO sna healaíona i ndiaidh ár bpróiseas cómhéasúnaithe, atá faoi stiúir bheartais agus thosaíochtaí an DÓLO agus na príomhghoirne foirmeacha ealaíne araon.

Maidir le **Daoine Óga, Leanáí agus Oideachas**, tabharfaimid tús áite d'iarratais mar seo a leanas:

- Iarratais ina ndírítear go príomha ar thaithí ealaíonta ardchaighdeán a thabhairt don sprioc-aoisghrúpa/sprioclucht féachana/spriocrannpháirtithe
- Iarratais ina n-áirítear straitéisí rannpháirtíochta poiblí le margaíocht chúí a léiríonn eolas agus tuiscint ar an spriocghrúpa/an lucht féachana/rannpháirtithe
- Iarratais ina n-áirítear deiseanna do lucht féachana/rannpháirtithe óga a rannpháirtíocht phearsanta féin sna healaíona a fhorbairt agus cur leis na healaíona. D'fhéadfadh deiseanna idirghníomhú le saothar ealaíonta a cuireadh i láthair agus tuairim a thabhairt maidir leis, agus plé a chur ar bun leis an bhfoireann chruthaitheach a bheith ina measc sin.
- Iarratais ina ndéantar uasmhéadú ar úsáid na mbonneagar agus na n-acmhainní atá ann cheana féin.

I gcás camchuariteanna a bhfuil lucht féachana scoile mar sprioc acu, mar aon leis an méid atá thuas, tabharfaimid tús áite d'iarratais mar seo a leanas:

- Iarratais ina léirítear tuiscint ar riachtanais lucht féachana scoile, lena n-áirítear eolas ar churaclam agus ar fhéilire agus comhthéacs na scoile
- Iarratais ina dtugtar tacaíocht do mhúinteoirí an taithí ealaíonta a chomhtháthú agus a leathnú amach i dtraithí fhoriomlán oideachais na ndaoine óga
- Iarratais ina n-áirítear comhaontuithe soiléire ar cé a dhéanfaidh margaíocht do scoileanna agus conas a dhéanfar é sin; agus ina dtabharfar faisnéis maidir le cuntas teiste na heagraíochta/na n-eagraíochtaí ábhartha a bhí ag obair le scoileanna sna sprioc-réimsí
- Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcuraclam i scoileanna na hÉireann, tabhair cuairt ar [www.gov.ie/ga/eagraíocht/an-roinn-oideachais/](http://www.gov.ie/ga/eagraíocht/an-roinn-oideachais/).